

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2010 & RÁITIS AIRGEADAIS

Agriculture and Food Development Authority
www.teagasc.ie

## Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| 1 | Réamhrá |
| 2 | Ráiteas an Chathaoirligh |
| 4 | Tuarascáil an Stiúrthóra |
| 6 | Baill an Údaráis |
| 7 | Comhaltaí Choiste an Údaráis |
| 18 | Bainistíocht Shinsearach |
| 9 | Cairt Eagraíochtúil |
| 10 | Suíomhanna Oifige |
| 11 | **Sprioc 1** – Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú |
| 25 | **Sprioc 2** – Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol |
| 33 | **Sprioc 3** – Éagsúlú a chothú i ngeilleagar na tuaithe agus cáilíocht an tsaoil faoin tuath a fheabhsú |
| 41 | **Sprioc 4** – Inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead |
| 49 | Ráitis Airgeadais |
| 60 | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais |

# Réamhrá

Tá Tuarascáil Bhliantúil 2010 bunaithe ar na spriocanna a leagadh síos i Ráiteas Straitéise de chuid Teagasc 2008-2010.

Is i gcomhthéacs na spriocanna seo a dhéantar cur síos ar shamplaí de mhóréachtaí a baineadh amach agus ar na príomhfhorbairtí a rinneadh sna Stiúrthóireachtaí Taighde, Aistrithe Eolais agus Oibríochtaí.



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Tháinig feabhas ar ioncaim feirmeoirí in 2010, le méadú 48% go €18,022 ag teacht ar ioncam feirme ar an meán. Ba thoradh é sin ar phraghsanna bainne níos airde go príomha agus tháinig méadú 92% ar an meánioncam ar fheirmeacha déiríochta agus méadú 21% ar olltáirgeacht ar fheirmeacha curaíochta dá bharr. B'ionann fóirdheontais agus 94% den ioncam feirme teaghlaigh, a léiríonn an méid a bhraitheann teaghlaigh fheirme Éireannacha ar an gComhbheartas Talmhaíochta. Treisíonn na figiúirí seo ó Shuirbhé Náisiúnta Feirme Teagasc an tábhacht a bhaineann le toradh fabhrach a bhaint amach d'Éire san idirbheartaíocht leanúnach atá ar siúl sa Bhruiséil maidir le hathchóiriú an Chomhbheartais Thalmhaíochta. Tabharfaidh Teagasc, arna stiúradh ag an aonad um Fhorbairt agus Geilleagar Tuaithe, mar aon le comhpháirtithe eile in earnáil agraibhia na hÉireann, tacaíocht ghníomhach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Muirí, Simon Coveney TD agus dá fhoireann d'fhonn an toradh inmhianaithe a bhaint amach.

D'ainneoin na srianta buiséid soiléire leanann Teagasc ag infheistiú go stuama in áiseanna nua, ag baint úsáide as fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní. Tá an tIonad Taighde Nútraiceodach i mBaile an Ásaigh, a d'oscail an Coimisinéir AE Máire Geoghegan Quinn in 2010, ar cheann de na háiseanna sin. Léiríonn sé tiomantas Teagasc d'infheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht. Cuirfidh eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht ar chumas an lucht talmhaíochta a gclár bia a fhairsingiú, mar aon le bithábhair, bithfhuinneamh agus bithchógaisíocht, lena gcruthófar táirgí a bheidh iomaíoch ó thaobh cáilíochta, sábháilteachta agus gnéithe comhshaoil de.

Leanann Teagasc ag díriú ar staid iomaíoch thalmhaíocht agus agra-ghnó na hÉireann a fheabhsú, ag baint leasa as an eolas a fuair sé trína chláir taighde agus ag aistriú an eolais sin chuig páirtithe leasmhara ar cliaint iad ar fud na tíre.

Tugann Teagasc tosaíocht don chlár oideachais agus leanann sé air ag infheistiú in áiseanna teagaisc le freastal ar an éileamh méadaithe agus lena chinntiú go mbíonn timpeallacht foghlama iomchuí ag mic léinn. Le blianta beaga anuas rinneadh cinneadh infheistiú sna coláistí i gCill an Dátúnaigh, Béal Átha hÉis, Cloich na Coillte agus i gColáiste na Gairneoireachta Áise, i nGarraithe na Lus.

Tá Clár Athraithe Teagasc, ar aontaigh an tÚdarás an chéad chéim de in 2009, á chur i bhfeidhm agus tá dul chun cinn suntasach déanta go dtí seo. Nuair a bheidh an Clár Athraithe curtha i bhfeidhm go hiomlán beidh an eagraíocht níos barainní agus níos oiriúnaí dá gnó sa timpeallacht reatha. Ar an drochuair, rinneadh 23 oifig chomhairleach a dhúnadh agus tá laghdú beagnach 300 fostaí tagtha ar an líon iomlán dá bharr sin. Táthar tar éis an méid talún atá in úsáid le haghaidh taighde a laghdú trí léasanna feirme a fhágáil gan athnuachan agus trí fheirm amháin a dhíol. Táthar tar éis straitéis chuimsitheach um Dhaoine, Ceannaireacht agus Athrú a ghlacadh laistigh de Teagasc agus cabhróidh sí sin chun an eagraíocht a réiteach le leanúint de cheannaireacht a sholáthar, ní hamháin do na tionscail thalmhaíochta agus bhia ach don earnáil phoiblí níos leithne freisin.

Ba é €165.44 milliún ioncam iomlán Teagasc le haghaidh 2010, gan maoiniú iarchurtha glan le haghaidh pinsean a chur san áireamh, agus is laghdú é sin ar ?180.83 milliún a bhí ann in 2009. Ba é an laghdú ar mhaoiniú ón Stát agus ar ioncam oibriúcháin ba chúis leis sin den chuid is mó. Thit an caiteachas reatha ó €186.37 milliún, gan maoiniú iarchurtha glan le haghaidh pinsean a chur san áireamh, go €166.63 milliún agus nuair a chuirtear é sin leis an nglu-aiseacht €4.578 milliún i gcúlchistí Caipitil, tá barrachas foriomlán de €3.387m ann don bhliain 2010.

Tá caidreamh oibre dearfach idir Teagasc agus an tAire Simon Coveney TD agus a Roinn, faoi stiúir an Ard-Rúnaí Tom Moran. Tá Teagasc ag obair go dlúth leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí mar aon le páirtithe leasmhara tionscail chun na moltaí sa tuarascáil Fómhar Bia 2020 a chur i bhfeidhm. Is tréimhse spreagúil í seo agus tá timpeallacht dearfach ann faoi láthair le haghaidh talmhaíochta tuaithe agus tá deis ann fás agus forbairt a dhéanamh agus an t-aschur agus na honnmhairí ón tionscal agraibhia a mhéadú.

Gabhaim buíochas le mo chomhghleacaithe ar Údarás Teagasc agus leis an Stiúrthóir, an tOll. Gerry Boyle, lena fhoireann bainistíochta agus lena chomhaltaí foirne as a ndúthracht agus a dtiomantas leanúnach don eagraíocht agus don tionscal.

**An Dr. Noel Cawley**
Cathaoirleach ar Údarás Teagasc

# TUARASCÁIL AN STIÚRTHÓRA



Tháinig méadú 11% nó €800 milliún ar onnmhairí bia agus dí na hÉireann, arbh ionann iad agus €7.9 billiún in 2010 agus ar fiú 4.9% de na honnmhairí iomlána iad anois. Bhí onnmhairí déiríochta €300 milliún chun tosaigh fad is a bhí méadú beagnach €200 milliún ar onnmhairí feola agus beostoic. Tugtar aitheantas níos fearr don mhéid a chuireann talmhaíocht le geilleagar na hÉireann anois. Soláthraíonn an Tuarascáil Fómhar Bia 2020 treoirphlean d'fhorbairt na hearnála agraibhia amach anseo agus tá Teagasc tiomanta dá ról a chomhlíonadh chun na spriocanna atá leagtha amach ann a bhaint amach.

**Oideachas**

D'aithin teaghlaigh feirme i gcónaí cé chomh tábhachtach is atá an earnáil agus tá sé sin léirithe sa mhéadú seasta ar líon na mac léinn ag glacadh páirte i gcúrsaí Teagasc agus ag freastal ar choláistí chun staidéar a dhéanamh ar thalmhaíocht, ar ghairneoireacht agus ar chúrsaí eile. Tháinig méadú 80% ar líon na mac léinn ag clárú i gcoláistí ó 2006 i leith. Tá na coláistí go léir lán agus ar an drochuair ní rabhthas in ann glacadh le breis agus 200 mac léinn inár gcoláistí. Go hachomair, nuair a chuirtear na cláir éagsúla go léir d'fheirmeoirí na todhchaí le chéile, chláraigh 1,673 duine ar an iomlán agus ghlac 3,256 duine ar an iomlán páirt i gcláir Teagasc in 2010. Cé go bhfuil an méadú ar líon na mac léinn an-dearfach, tá thart ar 17 ball foirne níos lú i mbun teagaisc ó tugadh isteach an moratóir ar earcaíocht san earnáil phoiblí agus mar sin tá deacrachtaí cruthaithe don lucht eagrúcháin agus iad ag iarraidh freastal ar an éileamh atá ar áiteanna sna coláistí.

Tá baint ag Teagasc le sé hInstitiúid Teicneolaíochta, le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus cuireann siad 12 clár ardleibhéal ar fáil, chomh fada le Leibhéal 8 de Chéim Onóracha.

Cabhraíonn na naisc sin chun seasamh ár gclár uile a ardú agus soláthraíonn siad bealaí riachtanacha um dhul chun cinn dóibh siúd ar mian leo dul chun cinn a dhéanamh ó bhreisoideachas go hoideachas ardleibhéil.

**Taighde Bia**

Faoi cheannaireacht Paul Ross, rinneadh taighde bia Teagasc a chomhcheangal faoi chlár amháin thar láithreáin Bhaile an Ásaigh agus na Cloiche Léithe. Tá Teagasc agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh ag comhoibriú ar thaighde bia le fada an lá agus i mBealtaine 2010 cuireadh ar bhonn níos foirmiúla é sin trí chomhghuaillíocht straitéiseach Teagasc/COC a bhunú. Tugann an socrú sin mais chriticiúil níos mó le haghaidh taighde don dá institiúid, ag comhcheangal láidreachtaí an dá eagraíocht d'fhonn gníomhachtú níos mó a chumasú ó fhoinsí atá ann cheana féin. Aithníodh éachtaí de chuid eolaithe Teagasc agus COC araon i réimsí na bpróibhitheach go hidirnáisiúnta agus tá Éire anois sa dara háit ar domhan sa réimse sin.

Leanann foirne taighde bia Teagasc de naisc níos dlúithe a fhorbairt le cuideachtaí bia i dtionscal bia na hÉireann, i réimsí na cáise, na gcomhábhar déiríochta, na foirmle do naíonáin, na bhfeolta agus réimsí eile.

**Ainmhí agus Talamh Féarach**

Leanann an clár um ainmhí agus talamh féarach ag cur le hiomaíocht na n-earnálacha déiríochta, mairteola, caorach agus muc in Éirinn. D'éascaigh an taighde a rinne Teagasc ar ghéanómaíocht cur i bhfeidhm an roghnaithe ghéinitigh san earnáil déiríochta agus tá obair chun é a chur i bhfeidhm sna hearnálacha athchogantacha eile ag dul ar aghaidh.

San earnáil déiríochta, tá na deiseanna atá ann chun táirgeadh bainne a mhéadú á léiriú trínár gcuid oibre le daoine nua ag teacht isteach san earnáil, agus trí chláir fairsingithe agus forbartha le táirgeoirí bainne reatha. Tá an méid is féidir a bhaint amach ó shuíomh tosaithe á léiriú ag an tionscnamh feirme déiríochta Greenfield i gCill Chainnigh.

I gcás mairteola, tá comhairleoirí gnó agus teicneolaíochta Teagasc ag obair le cliaint chun leibhéil táirgthe a mhéadú. Bhí tionchar ag an dianchomhairle a cuireadh ar fáil trí chlár mairteola feirme BETTER de chuid Teagasc/an Farmers Journal le méadú suntasach ag teacht ar bhrabús agus ar tháirgiúlacht ar na feirmeacha tráchtála sin dá bharr. Is comhthionscnamh spreagúil eile idir Teagasc agus an tionscal san earnáil mairteola é córais táirgthe lao go mairteoil a bhunú le haghaidh laonna fireanna ón tréad déiríochta, ag feirm taighde Chaisleán Bhaile Sheáin.
Tá na buntáistí a bhaineann le rátaí stocála níos airde chun ollchorrlaigh níos airde a bhaint amach á léiriú ag tréad diúil Derrypatrick sa Ghráinseach.

**Barra, an Comhshaol agus Talamhúsáid**

In 2010, mhol Teagasc 21 leasú ar Dhréachtrialachán na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2010 mar chuid den phróiseas comhairliúcháin le hathbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin maidir le níotráití. Cuireadh an doiciméad mionsonraithe eolaíochta 120-leathanach faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia. Cuireadh mórán de na moltaí sin san áireamh sa Chlár Náisiúnta Gníomhaíochta faoin Treoir um Níotráití, a comhaontaíodh idir an Rialtas agus Choimisiún an AE agus beidh tionchar dearfach acu ar fheirmeoireacht in Éirinn agus ar an gcomhshaol araon.

Tá baint ag Teagasc le dhá thionscnamh suntasach idirnáisiúnta atá dírithe ar riachtanais bheartais agus taighde amach anseo i réimse na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a chomhordú: Cuireadh Comhghuaillíocht Taighde Dhomhanda, arna stiúradh ag an Nua-Shéalainn agus lena n-áirítear mórán tíortha móra amhail na Stáit Aontaithe agus an India, ar bun chun comhordú a dhéanamh ar thaighde ar mhaolú GCT. Suíonn Éire (Teagasc agus DAFM) ar Bhord Rialaithe Chomhthionscnamh Cláir an AE i réimse na Talmhaíochta, na Slándála Bia agus an Athraithe Aeráide, a oibríonn i dtreo na gcuspóirí céanna ar leibhéal an AE.

**Comhairle**

Tá athrú suntasach tagtha ar sheirbhís chomhairleach Teagasc le blianta beaga anuas le leibhéil foirne laghdaithe agus cuíchóiriú suntasach oifige bainte amach.

Tá líon na n-aonad gnó laghdaithe go 12 aonad limistéir réigiúnaigh agus tugtar tosaíocht do chomhairle ghnó agus teicneolaíochta a sholáthar ar fheirmeacha agus do sheirbhísí oideachais a sholáthar d'fheirmeoirí nua agus d'fheirmeoirí reatha.

Baineann breis agus 40,000 cliant feirmeora tairbhe as an tseirbhís, fad is a bhaineann 100,000 feirmeoir tairbhe as gníomhaíochtaí na seirbhíse atá ar mhaithe leis an bpobal. Cruthaíodh go bhfuil leibhéil níos airde daoine ag baint leasa as aistriú eolais trí phléghrúpaí agus bhain na feirmeacha sin a ghlac páirt sna pléghrúpaí brabús níos airde amach.

Le linn na bliana, thug Teagasc faoi athbhreithniú cuimsitheach ar phróiseas ghnó, ina ndearnadh iniúchadh ar bhealaí chun próisis ghnó a fheabhsú san eagraíocht. Ullmhaíodh straitéis nua um athrú agus ceannaireacht daoine chun na hacmhainní daonna san eagraíocht a bhainistiú le linn na tréimhse athraithí seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe go léir san eagraíocht as a gcuid oibre crua agus as a dtiomantas le linn na bliana agus as an gcaoi a chuir siad go suntasach le cúrsaí taighde, comhairliúcháin agus oideachais in earnálacha talmhaíochta agus bia na hÉireann.

**An tOllamh Gerry Boyle**
Stiúrthóir

# TEAGASC – AN TÚDARÁS



*Clé go Deas.*

**1. AN TUAS. FRANK O'MAHONY –** Ceapaí Mhacra na Feirme, **2. AN TUAS. JOE FITZGERALD –** Ceapaí ICMSA, **3. MARGARET SWEENEY UASAL –** Ceapaí an Aire, **4. AN TUAS. TOM COLLINS** – Ceapaí an Aire, **5. AN TUAS. PADRAIG GIBBONS –** Ceapaí ICOS,, (Thosaigh in Eanáir 2010), **6. AN DR. NOEL CAWLEY –** Cathaoirleach - Teagasc, **7. AN TOLL. PATRICK FOTTRELL –** Ceapaí an Aire, **8. MARIE CHRISTIE UASAL*** –** Ionadaí Foirne, **9. AN TUAS. EDDIE DOWNEY*-** Ceapaí an IFA, **10. AN TUAS. JAMES J BRETT –** Ceapaí an Aire, **11. AN TUAS. MARTIN HERAGHTY** - Ceapaí an Aire.

** (Tháinig isteach in Ean 2010 in ionad an Uasail Derek Deane.),** (Tháinig isteach in Ean 2010), *** (Tháinig isteach i Lúnasa 2009 in ionad Uasail Stephen Flynn.)*

## Tinreamh ag Cruinnithe Údaráis

| AINM | 13-Ean | 03-Fea | 03-Már | 07-Aib | 05-Beal | 01-Meith | 07-Iúil | 01-Meán F | 04-Deir F | 03-Samh | 14- Noll |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Cawley, an Dr. Noel,Cathaoirleach | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Brett, an tUas. James | ● | ● | ● | ● | ● | ● | – | ● | ● | ● | ● |
| Christie, Marie Uasal | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Collins, an tUas. Tom | – | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Deane, an tUas. Derek* | ● | – | – | – | – | – | – | – | – | – | – |
| Downey, an tUas. Eddie | – | ● | ● | ● | – | ● | – | ● | ● | – | ● |
| Fitzgerald, an tUas. Joe | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Fottrell, an tOllamh Patrick | ● | ● | ● | ● | – | ● | ● | ● | – | ● | ● |
| Gibbons, an tUas. Padraig | – | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Heraghty, an tUas. Martin | – | – | ● | – | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| O'Mahony, an tUas. Frank | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● | ● |
| Sweeney, Margaret Uasal | – | ● | – | – | ● | ● | – | ● | ● | ● | ● |

**Thóg an tUas. Eddie Downey áit an Uasail Derek Deane le héifeacht ó chruinniú an Údaráis i mí Feabhra.*

# COISTÍ ÚDARÁIS TEAGASC

**Coiste Luach Saothair**

An tUas. Frank O'Mahony
(Cathaoirleach)
An tUas. Eddie Downey
Marie Christie Uasal
An tUas. Joe Fitzgerald
An tUas. Padraig Gibbons

**Coiste Taighde**

An tOll. Patrick Fottrell
(Cathaoirleach)
An tUas. Tom Collins
An tUas. Frank O'Mahony
Marie Christie Uasal

**Coiste Iniúchóireachta**

An tUas. James Brett
(Cathaoirleach)
Margaret Sweeney Uasal
An Dr. Noel Cawley
An tUas. Martin Heraghty

**Coiste Airgeadais**
**& Acmhainní Daonna (AD)**

An tUas. Martin Heraghty
(Cathaoirleach)
An Dr. Noel Cawley
Marie Christie Uasal
An tUas. James Brett
An tUas. Joe Fitzgerald

Stádas: Eanáir 2010

## Tinreamh ag Cruinnithe Coiste 2010

**Coiste Iniúchóireachta**

| | 03-Már | 01-Meith | 12-Deir F | 14- Noll |
|---|---|---|---|---|
| Brett, an tUas. James | • | • | • | • |
| Cawley, an Dr. Noel | • | • | • | - |
| Heraghty, Martin | • | • | • | • |
| Sweeney, Margaret | - | • | • | • |

**Coiste Airgeadais**

| | 12-Deir F |
|---|---|
| Heraghty, Martin (Cathaoirleach) | • |
| Cawley, an Dr. Noel | • |
| Fitzgerald, Joe | • |
| Brett, James | • |
| Christie, Marie | • |

**Coiste Comhairleach agus Oideachais**

| | 08-Már | 15-Meith |
|---|---|---|
| O'Mahony, Frank (Cathaoirleach) | • | • |
| Fitzgerald, Joe | • | - |
| Downey, Eddie | - | • |
| Gibbons, Padraig | • | - |
| Christie, Marie | • | • |

*Tabhair faoi deara: Soláthraítear an sceideal seo maidir le tinreamh ag cruinnithe de réir alt 3.8 den Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit dar dáta Meitheamh 2009.9.*

# TEAGASC – BAINISTÍOCHT SHTEAGASC



**AN TOLLAMH GERRY BOYLE**
Stiúrthóir



**AN DR. FRANK O'MARA**
Stiúrthóir Taighde




**AN DR. TOM KELLY**
Stiúrthóir um Aistriú Eolais



**AN TUAS. TOM DOHERTY**
Príomhoifigeach Oibriúcháin

# CAIRT EAGRAÍOCHTÚIL

## Eanáir 2010



# OIFIGÍ AGUS IONAID TEAGASC

- Ceannáras
- Ionad Forbartha
- Ionad Taighde Bia
- Ionad Comhairle Áitiúil
- Stáisiún Taighde
- Coláiste Teagasc
- Coláiste Príobháideach




Stádas ag deireadh mhí na Nollag 2010


KRONE
KRONE
JOHN DEERE
6230



# SPRIOC 1

## Iomaíochas na talmhaíochta, an bhia agus an bhithgheilleagair níos leithne a fheabhsú

Agriculture and Food Development Authority
www.teagasc.ie

## CLÁR COMHAIRLEACH

### DÉIRÍ

**Comhairle**

Tá sé mar aidhm ag clár déiríochta Teagasc feabhas a chur ar: bhrabús ar fheirmeacha déiríochta; dlúthbhreith laonna; úsáid shadhlas féir; cáilíocht bhainne. Rinne comhairleoirí os cionn 1,500 measúnú monatóra brabúis agus do stiúraigh siad os cionn 8,200 cuairt ar fheirmeacha (agus os cionn 18,600 comhairliúchán in iomlán) le haghaidh níos mó ná 10,100 cliant.

Éascaíodh 357 grúpa ina bhfuil os cionn 6,000 comhalta iontu agus tháinig gach grúpa le chéile 9 n-uaire ar an meán. D'fhonn cúnamh a thabhairt d'fheirmeoirí gach rogha maidir le feabhas a chur ar ioncam agus ar éifeachtúlacht feirme agus eisfheirme a scrúdú, cuireadh os cionn 600 plean ROGHANNA i gcrích. Cuireadh os cionn 8,800 iarratas SPS i gcrích.

**Déiríocht: Ag Tabhairt Faoi Dheich mBliana de Dheiseanna**

Tháinig dúbailt ar líon na bhfeirmeoirí ag glacadh páirte i bpléghrúpaí mar gheall ar an gClár Éifeachtúlachta Déiríochta a thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Iascaigh isteach go luath in 2010.

Ag tógaint dhá fheirmeoir ó Shuirbhé Náisiúnta Feirme de chuid Teagasc, arb ionann méid agus suíomh a bhfeirmeacha, cineál na hithreach, an ráta stocála agus a leithéid, is é an teacht isteach eacnamaíoch a bhaineann le bheith ina gcomhaltaí de phléghrúpa ná tuairim is €200 in aghaidh an heicteáir.

Tá sé níos dóchúla go nglacfaidh comhaltaí de phléghrúpaí le teicneolaíochtaí táirgthe nua. De ghnáth bíonn séasúr féaraigh níos sia acu, baineann siad leas níos éifeachtaí as bia ceannaithe, le nach mór 90 faoin gcéad de chomhaltaí ag baint úsáide as Inseamhnú Saorga, agus 40 faoin gcéad acu ag úsáid na teicneolaíochta níos nuaí d'in-seamhnú le tairbh ghéanómaíocha i gcomparáid leis an meán náisiúnta de 19 faoin gcéad. De ghnáth bíonn rátaí níos airde stocála ag feirmeacha chomhaltaí an phléghrúpa agus tairgíonn siad níos mó bainne in aghaidh an heicteáir.

Mar a luaitear thuas, bhí ról suntasach ag comhairleoirí Teagasc maidir l







**TáLá Oscailte Teagasc ar 'Fheirm Déiríochta Greenfield.'**

Lá Oscailte do gach feirmeoir ar 'Fheirm nua Déiríochta Greenfield' i gContae Chill Chainnigh. Is comhthionscadal é an fheirm thaispeána déiríochta nua seo idir Teagasc, Glanbia, Agricultural Trust (Irish Farmers' Journal), FBD Trust, AIB agus teaghlach Phelan (úinéirí na feirme). Tá an fheirm mar chuid de Chlár Feirme Déiríochta BETTER de chuid Teagasc chun scileanna agus teicneolaíochtaí a sholáthar d'fheirmeoirí déiríochta teaghlaigh d'fhonn táirgeadh bainne a fhairsingiú le go mbeadh luach saothair air, a luaithe is a chuirfear deireadh leis na cuótaí bainne AE in 2015.

**Tionscnamh Nua um Cháilíocht Bhainne**

Is comhthionscnamh nua é CellCheck ina bhfuil Sláinte Ainmhithe Éireann, Teagasc, DAFF, Tréidlianna na hÉireann, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath agus ICBF rannpháirteach ann, chomh maith le comhpháirtithe tionscail sna comharchumainn. Cuimsíonn sé feachtas chun cáilíocht an bhainne a chothú agus a fheabhsú ar fheirmeacha agus an tionscal ag tabhairt faoi chéim fhairsingithe.

Is comhpháirtíocht í an tionscnamh nua seo idir feirmeoirí, tréidlianna, comhairleoirí, teicneoirí déiríochta, pearsanra comharchumainn agus gach duine a bhfuil ról acu ag cinntiú go dtáirgítear bainne ar ardchaighdeán, a mhéadóidh brabúsacht na bpróiseálaithe bainne déiríochta agus fheirmeoirí na hÉireann araon.




**Feirm Déiríochta Teaghlaigh a Fhairsingiú**
Tá feirmeoirí déiríochta óga ag ullmhú a ngnólachtaí le go mairfidh siad agus le go mbeidh rath orthu sa todhchaí trí tháirgeadh bainne a fhairsingiú. Bunófar an príomh-mhúnla maidir le fairsingiú ar aonaid dhéiríochta reatha atá faoi stiúir teaghlach agus d'oscail feirmeoir óg dá leithéid a fheirm i mí an Mheithimh le go bhféadfadh daoine eile amharc ar phleananna fairsingithe do na blianta atá le teacht.

Tá sé mar aidhm ag Daniel agus Amy O'Donnell, ó Chnocán an Chait, Ceapach Choinn, Contae Phort Láirge líon na mbó bainne a mhéadú ó 65 go 100, ar fheirm dúshlánach féaraigh ar thalamh ard, atá suite ag bun sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh.

Tá an teaghlach seo gurb as Port Láirge dóibh mar chuid den chlár feirme déiríochta BETTER, ina bhfuil Teagasc, Glanbia, FBD, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, AIB agus Irish Farmers' Journal rannpháirteach ann.

Sna cúig bliana atá le teacht soláthróidh Teagasc diantacaíocht theicniúil don fheirm déiríochta seo. Is cuspóir den tionscadal é clár brabúsach um fhairsingiú bainne a léiriú lena n-áirítear plean forbartha feirme 5-bliana; Glacadh le príomhtheicneolaíochtaí maidir le bainistíocht féaraigh, úsáid mhéadaithe a bhaint as géineolaíocht EBI ard agus feabhas a chur ar stádas sláinte stoic chomh maith le hInfreastruchtúr feirme feabhsaithe maidir le torthúlacht ithreach, draenáil, bóithre feirme agus athshíolú mar aon le plean mionsonraithe airgeadais.



**Próifíl Cliaint:**

**Daniel agus Amy O'Donnell,
Cnocán an Chait,
Ceapach Choinn,
Co. Phort Láirge**

**Feirmeoir déiríochta**

"Tá sé mar aidhm againn líon na mbó bainne a mhéadú ó 65 go 100, ar fheirm dúshlánach féaraigh ar thalamh ard."





## Tá MAIRTEOIL agus CAOIRIGH

**Mairteoil**
Tá feabhas á chur ar bhrabúsacht na bhfeirmeacha mairteola tríd an gclár mairteola feirme BETTER. Ag deireadh 2010 bhí 18 feirm rannpháirteach sa chlár le hollchorrlach meánach de €438/ha, méadú 13.5% ón mbliain 2009. Tá baint acu go léir le pléghrúpaí. Tá tuarascálacha seachtainiúla os na feirmeacha sin le fáil san Irish Farmers' Journal.

Éascaíonn comhairleoirí Teagasc 70 pléghrúpa eallaigh le 329 cruinniú in iomlán. Ina theannta sin, éascaíodh 10 ngrúpa póraithe in 2010 agus do mheall 82 siúlóid feirme breise slua de 5841 duine. Rinne comhairleoirí Teagasc cúig sheimineár/chruinniú eallaigh déag is dhá scór a sheachadadh chomh maith.

Ar an iomlán cuireadh 411 monatóir brabúis in iomlán i gcrích d'fheirmeoirí eallaigh.

**Caoirigh**
Bhí sé fheirm rannpháirteach sa chlár feirme caorach BETTER faoi dheireadh 2010. Ina theannta sin, d'éascaigh comhairleoirí Teagasc 30 pléghrúpa caorach le 131 cruinniú in iomlán. Bhí os cionn 2,500 feirmeoir i láthair ag 47 siúlóid/taispeántas feirme caorach agus do mheall 38 seimineár caorach slua de 2,489 duine. Cuireadh 150 monatóir brabúis in iomlán i gcrích d'fheirmeoirí caorach.

.





## CLÁR UM AINMHÍ AGUS TALAMH FÉARACH

### Foráistí Malartacha


Is féidir le cabáistí foráiste agus biatas farae táil arda d'ábhar tirim a sholáthar chomh maith le hardcháilíocht foráiste i gcaitheamh an gheimhridh d'úsáid in situ. Tugann na torthaí le fios nach raibh aon éifeachtaí diúltacha/dochracha ag úsáid in situ na gcabáistí foráiste agus an bhiatais fodair ar fheidhmíocht na mbó seasc roimh tar éis breithe. Tá torthaí an chláir taighde tar éis béim a leagan ar na buntáistí a ghabhann le cabáistí foráiste do chórais déiríochta trí laghduithe féideartha ar chostais sheasta agus athraitheacha.

### Córais tháirgthe bainne bunaithe ar fhéar do réigiúin ardbháistí agus le cineálacha cré-ithreach troma

Léirigh an staidéar seo gur féidir le córais tháirgthe bainne déiríochta le rátaí stocála ísle a bheith inmharthana i réigiúin ardbháistí agus le cineálacha créithreach troma. Is iad na príomhghnéithe a bhaineann le táirgeadh brabúsach bainne ná dlúthbhreith laonna le stoc EBI ard, ag díriú ar ardúsáid féir trí úsáid a bhaint as féarach ann/as, forlíonadh straitéiseach dlúthbhia agus ceannach bia allmhairithe a laghdú.

Caithfidh rátaí stocála atá á n-úsáid i réigiúin bhogaigh a bheith oiriúnach d'fhonn allmhairiú an bhia cheannaithe a laghdú. Ní tháinig athrú ar an gcóras barrmhaith eacnamaíoch um tháirgeadh bainne sa staidéar seo ag brath ar phraghas an bhainne, ní bhíonn tionchar chomh mór ag costas an bhia allmhairithe ar an gcóras ráta stocála níos ísle, ach bíonn córais ráta stocála níos airde nochtaithe beag beann ar phraghas an bhainne i gcoibhneas le costais arda bia.





*Mary McEvoy, Moorepark.*

### Is Éifeachtúlacht an Bhia i dTáirgeadh Mairteola

Tá an éifeachtacht bhitheolaíoch ó bheith ag táirgeadh mairteola ón tréad diúil réasúnta íseal, le costas suntasach máthartha i ndáil le táirgtheadh. Caitear tuairim is leath de na costais bhliantúla bia ar bha diúil i gcórais diúil lao go mairteoil. Bíonn roinnt ainmhithe aonair níos éifeachtúla, ag ithe níos lú don táirgeacht chéanna. Tá eolaithe ag Ionad Taighde agus Nuálaíochta um Ainmhí agus Féarach de chuid Teagasc, sa Ghráinseach, ag féachaint ar shlite nua chun na hainmhithe is éifeachtúla a aithint agus clár póraithe mairteola a bhunú thart timpeall air.

Tá taighdeoirí ag déanamh iniúchadh ar Iontógáil Bhia Iarmharach (RFI) mar thomhas ar éifeachtúlacht bhia atá neamhspleách go géiniteach ar fhás agus ar mhéid an choirp. Sainmhínítear é mar an difríocht idir fhíor-iontógáil bhia ainmhí agus an méid bia ar cheart dó a ithe, bunaithe ar mheáchan coirp agus ar leibhéal feidhmíochta.

Faoi láthair tá Teagasc agus UCD i mbun taighde comhpháirtí a dhéanamh ar na naisc atá idir RFI agus mharcóirí géiniteacha nó bithcheimiceacha na tréithe sin. Tá an tionscadal comhoibritheach seo ag déanamh scrúdaithe ar rialú bitheolaíoch an RFI in eallaigh agus é mar aidhm táscairí de chuid na tréithe atá níos éasca le tomhas a aithint. Léiríonn torthaí go dtí seo éagsúlachtaí suntasacha idir ainmhithe éifeachtúla agus neamhéifeachtúla i léiriú na ngéinte a rialaíonn sintéis an fhuinnimh cheallaigh.

## FÉAR

### Dul chun Cinn Pórúcháin i bhFéara Éagsúla

Tá deiseanna ollmhóra ann níos mó féir a fhás agus a úsáid in Éirinn. Léiríodh i gcomhdháil idirnáisiúnta eagraithe ag Teagasc - 'Féara don Todhchaí' a bhí ar siúl i gCorcaigh i nDeireadh Fómhair conas is féidir táirgeadh féir na n-ábhar tirim a mhéadú ag úsáid féara éagsúla nua. Léirigh póraitheoirí idirnáisiúnta féir conas a d'fhéadfaí suas le 18.5 ton a d'ábhar tirim féir in aghaidh an heicteáir a tháirgeadh go bliantúil. Faoi láthair in Éirinn bainimid úsáid as thart ar 7.9 tona d'ábhar tirim féir in aghaidh an heicteáir ar fheirmeacha déiríochta, le méideanna níos lú á n-úsáid ar fheirmeacha mairteola. .



## Tá CLÁR BIA

**Comhghuaillíocht Straitéiseach i dTaighde Bia**

Glacadh céim chun cinn suntasach maidir le clár aonair um thaighde bia a bhunú in Éirinn chun tacú le nuálaíocht agus forbairt sa tionscal bia nuair a seoladh Comhghuaillíocht Straitéiseach i dTaighde Bia de chuid COC/Teagasc.

Díreoidh an Chomhghuaillíocht ar thrí réimse téama, eadhon: bia agus sláinte, eolaíocht agus teicneolaíocht an bhia agus bia agus an tomhaltóir. Déanfar acmhainní an dá eagraíocht a úsáid chun comhchlár taighde agus nuálaíochta bia a thógáil.

Tá os cionn 250 taighdeoir, iardhochtúir agus iarchéimí ag obair faoi láthair i raon fairsing disciplíní lena n-áirítear eolaíocht an bhia, teicneolaíocht an bhia, cothú, bia don tsláinte agus gnó bia. Cruthaíonn an Chomhghuaillíocht an deis chun an t-infreastruchtúr agus na háiseanna taighde a roinnt, cosúil leis na háiseanna próiseála bia ar scála píolótach ag Moorepark Technology Ltd. agus ag Teagasc Bhaile an Ásaigh, halla próiseála COC agus an áis déantúsaíochta GMP nua PRTLI-thacaithe i COC.

# Próifíl Foirne:






**Matt McGuinness, Anailísí Teicniúil, Roinn TFC, Cionn Sáile**

*Is ó Ros i dtuaisceart chontae Bhaile Átha Cliath é Matt ó dhúchas agus tá cúlra feirmeoireachta aige. Ghnóthaigh sé céim san Eolaíocht Ríomhaireachta ó UCD agus thosaigh sé ag obair do Teagasc (An Foras Talúntais) i 1986. Ar dtús d'oibrigh sé i dtaighde i réimse an mhúnlaithe um fhás bairr sular bhog sé go ról tacaíochta TFC. Chuaigh Matt isteach sa Rannóg TFC nua-fheicthe de chuid Teagasc in 2004 mar Anailísí Teicniúil.*

*Faoi láthair is é an príomhról atá ag Matt ná ina bhainisteoir freastalaí. Tá os cionn 200 freastalaí ag Teagasc atá ríthábhachtach maidir le feidhmiú na heagraíochta. Tá raon ollmhór seirbhísí agus feidhmchlár d'fhoireann agus do chliaint de chuid Teagasc ar na freastalaithe sin. I measc na seirbhísí ginearálta atá ann do gach ball foirne tá stóráil comhaid agus bainistiú doiciméad, rochtain ar rphost, an idirlíon, s.rl. I measc na seirbhísí inmheánacha níos sainiúla atá ar fáil tá córais bhainistíochta airgeadais agus acmhainní daonna.*

**Tionchar Cliaint.**

*Tá an-chuid de thionscadail taighde Teagasc, i réimsí na géineolaíochta, na bithaisnéisíochta agus na gcóras faisnéise geografaí mar shampla, ag brath go mór ar chumhacht phróiseála na bhfreastalaithe ardfheimíochta. Déanann freastalaithe Teagasc óstáil freisin ar raon seirbhísí Gréasánbhunaithe dár gcliaint, lena n-áirítear láithreán gréasáin chorparáideach Teagasc agus Suíomh Cliaint Teagasc, trínar féidir le feirmeoirí cliaint rochtain a fháil ar raon faisnéise..*



**Sláinte a fheabhsú le Bianna Feidhmiúla**

Tá ról thar a bheith suntasach ag bianna maidir le daoine a choimeád sláintiúil agus tá airíonna i mórán bianna ar féidir leo feabhas a chur ar shláinte na ndaoine sin a itheann iad. Is éard is 'bia feidhmiúil' ann ná bia a bhfuil feidhm aige mar aon le cothú bunúsach, ag cur na sláinte chun cinn nó ag laghdú an riosca a ghabhann le galair ar leith. Meastar go méadóidh an margadh domhanda do bhianna feidhmiúla go €14.7 billiún faoin mbliain 2013.

Dhírigh comhdháil Bhianna Feidhmiúla SAM/na hÉireann 2010 arna eagrú ag Teagasc, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Roinn Talmhaíocht Stáit Aontaithe Mheiriceá ar eolaíocht fheidhm na putóige agus an fhreagairt d'aiste bia. Rinneadh plé ar hormóin na putóige agus ar scaoileadh incretin (a mhéadaíonn an scaoileadh insline), ar mhicreabhiothra putóige (comhdhéanamh miocróbach) le haghaidh feidhmiú barrmhaith na putóige, ar fheidhm na haiste bia agus na himdhíonachta agus ar bhithmharcóirí do shláinte fheabhsaithe trí aiste bia. .

**Iarmhair i mbainne agus i bhfeoil**

Forbraíodh tástáil anailíseach chun iarmhair shuntasacha uile na ndrugaí frithsheadánacha a bhrath den chéad uair. Tá an teicneolaíocht bailíochtaithe go cuimsitheach de réir Treoirlínte idirnáisiúnta agus rinneadh í a chreidiúnú go caighdeán ISO 17025. Cuireadh an teicneolaíocht i bhfeidhm ó shin i leith ar tuairim is 3000 sampla tástála.

Tá an teicneolaíocht tar éis grúpa nua d'iarmhair a aithint i samplaí bainne agus feola den chéad uair. Fuarthas leibhéil ísle iarmhar de Níotróisinil, closantel, tríchlaibeandasól agus rafocsainíd i mbainne.

Ar a shon sin, ba cheart go laghdófaí an fhadhb seo ó 2011 ar aghaidh trí shocrú na nUasleibhéal Iarmhar (MRLanna) sealadach do roinnt flúicicídí i mbainne.



Is é an príomh-mholadh do bhunphóiseálaithe ná gur cheart monatóireacht a dhéanamh ar iarmhair flúicicíde i mbainne go háirithe le linn an earraigh tar éis do bhreith laonna.

**Bithshrianadh Escherichia coli véaraicíteatocsaigineach ag na príomhchéimeanna den slabhra mairteola.**

Is cúis mhór imní maidir le sábháilteacht bia ar fud an domhain é Escherichia coli Véaraicíteatocasigineach (VTEC), go háirithe séiritíopa O157:H7.

Tá gá le rialúcháin spriocdhírithe i gcoinne E. coli O157 ag na príomhphointí den slabhra mairteola chomh maith le héileamh ar rialúcháin bhitheolaíocha nádúrtha, de thoradh méadaithe a bheith ag teacht ar fhrithsheasmhacht tomhaltóirí in aghaidh úsáide ceimiceán.

Rinne an tionscadal seo measúnú ar úsáid trí chineál éagsúil gníomhaithe bithshrianta dá gcuid gníomhaíochtaí frithmhiocróbacha in aghaidh VTEC.

Ba é an príomhthátal ón staidéar ná go léiríonn gníomhaithe bithshrianta (go háirithe phage agus carvacrol) an-acmhainn mar rialúcháin nua in aghaidh E. coli O157:H7 ag príomhchéimeanna den slabhra mairteola agus tá taighde breise á dhéanamh maidir lena bhforbairt agus lena bhfeidhmiú.

## CLÁR OIDEACHAIS

**Clárú i gColáistí**
Tháinig méadú faoi 2% arís ar chlárú i gcoláistí in 2010 i gcomparáid le 2009, arb ionann é agus méadú 80% ón mbliain 2006. In 2010 bhí gach coláiste lán agus bhí orthu daltaí a dhiúltú. Bhí an líon daltaí nár bhain áit amach os cionn 230. Rinneadh soláthar do roinnt acu sin tríd na cúrsaí páirtaimseartha Ardteastais i gcúrsaí Talmhaíochta. Ba chóir a shonrú gur clárúcháin do 2010/2011 atá i gceist leis na figiúirí sin agus ní léiriú iad den líon iomlán daoine atá ag freastal ar choláistí mar go bhfuil gach cúrsa coláiste dhá bhliain nó trí bliana ar fhad. Is ionann an líon iomlán atá ag freastal ar choláistí agus 2,249.

**Ardteastas i dTalmhaíocht d'Fheirmeoirí Páirtaimseartha**
In éineacht leis na cúrsaí lánaimseartha atá ar bun sna coláistí tá clár cuimsitheach de Chúrsaí um Ardteastas i dTalmhaíocht ann chomh maith d'Fheirmeoirí Páirtaimseartha ar fud na tíre. Istoíche agus ag deireadh seachtainí den chuid is mó a bhíonn na cúrsaí seo ar bun d'fhonn feirmeoirí páirtaimseartha a éascú. Tá an siollabas mar a chéile is atá sé do na cúrsaí lánaimseartha agus de ghnáth is ar feadh tréimhse 2 nó 3 bliana a mhaireann siad.

**Cúrsaí ACA Ar Líne**
Chomh maith leis na cláir thuasluaite, tá 340 feirmeoir páirtaimseartha breise ag críochnú an Ardteastais i dTalmhaíocht (Sealbhóirí Dámhachtana Leibhéal 6) ar líne. Is tríd na CORanna den chuid is mó a reáchtáiltear na cúrsaí sin le tacaíocht ó na coláistí talmhaíochta d'oiliúint scileanna agus le tacaíocht ó chomhoibrithe comhairliúcháin i réimsí an ríomhtheagaisc agus an éascaithe pléghrúpa.



### Sceideal de Chúrsaí um Ardteastas i dTalmhaíocht d'Fheirmeoirí Páirtaimseartha

| COR/Coláiste | Bliain an Chúrsa | Líon na nDaltaí |
|---|---|---|
| Gaillimh/An Clár | 1 | 32 |
| Maigh Eo | 1 | 27 |
| Sligeach/Liatroim/Dún na nGall | 1 | 39 |
| Cill Mhantáin/Ceatharlach/Loch Garman | 2 | 39 |
| Béal Átha hÉis | 2 | 30 |
| Ros Comán/An Longfort | 2 | 26 |
| Gaillimh/An Clár | 2 | 15 |
| Sligeach/Liatroim/Dún na nGall | 2 | 32 |
| Sligeach/Liatroim/Dún na nGall | 2 | 31 |
| Ciarraí/Luimneach | 3 | 24 |
| Corcaigh | 3 | 24 |
| Corcaigh | 3 | 26 |
| Goirtín | 3 | 52 |
| Gaillimh/An Clár | 3 | 28 |

*Chomh maith leis na cúrsaí thuasluaite tá sé beartaithe sé chlár nua céad bliana a thosú in 2011.*

**Ardteastas i dTalmhaíocht (Sealbhóirí Dámhachtana Leibhéal 6)**
Tá 243 feirmeoir páirtaimseartha breise ag glacadh páirte chomh maith san Ardteastas i dTalmhaíocht (Sealbhóirí Dámhachtana Leibhéal 6). Tagann na cúrsaí sin in ionad na seanchúrsaí 180 uair an chloig ach tá siad i bhfad níos cuimsithí tar éis an Athbhreithnithe Fóraim ar Sholáthair Oideachais Teagasc.


### Sceideal de Chúrsaí um Ardteastas i dTalmhaíocht (Sealbhóirí Dámhachtana Leibhéal 6)

| COR/Coláiste | Bliain an Chúrsa | Líon na Rannpháirtithe |
|---|---|---|
| Ciarraí/Luimneach | 1 | 28 |
| Corcaigh | 1 | 22 |
| Ros Comán/An Longfort | 1 | 8 |
| Gaillimh/An Clár | 1 | 30 |
| Ciarraí/Luimneach | 2 | 28 |
| Corcaigh | 2 | 20 |
| Cill Mhantáin/Ceatharlach/Loch Garman | 2 | 28 |
| Tiobraid Árann | 2 | 24 |
| Béal Átha hÉis | 2 | 24 |
| Gaillimh/An Clár | 2 | 31 |


**Rátaí Iomlána Rannpháirtíochta**
Go hachomair, nuair a chuirtear na cláir éagsúla uile thuasluaite d'fheirmeoirí na todhchaí san áireamh is é an líon iomlán daoine atá rannpháirteach sna cláir seo ná 3,256.

.

Clárúcháin Oideachais & Ráta Rannpháirtíochta Líon na nDaoine Cláraithe i gCúrsaí Talmhaíochta




Clárúcháin Oideachais & Ráta Rannpháirtíochta Líon na nDaoine Cláraithe i gCúrsaí Gairneoireachta





Próifíl Foirne:

**An Dr. Veronica Nyhan, Léachtóir, Coláiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh**

*Is ó Chloich na Coillte ó dhúchas í Veronica, a ghnóthaigh Baitsiléir Eolaíochta (Oideachas) ó Ollscoil Luimnigh in 2000. As sin tháinig sí go Teagasc mar mhac léinn faoin gComhaltacht Walsh ag tabhairt faoi thráchtas PhD ag scrúdú ceisteanna torthúlachta ithreach ag an aonad feirme orgánaí i gCaisleán Bhaile Sheáin. Tar éis di a tráchtas a chríochnú, d'oibrigh Veronica sa chóras dara leibhéal ag múineadh Bitheolaíochta agus Eolaíochta Talmhaíochta don Ardteistiméireacht sula dtáinig sí ar ais go Teagasc in 2006 mar léachtóir i gColáiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh.*

*Inniu, múineann Veronica raon ábhar lena n-áirítear bainistíocht ithreach agus beartas comhshaoil ag Leibhéal 5 suas go pleanáil bainistíochta cothaithigh agus cothú barr ag Leibhéal 8 i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.*

*Ó tháinig sí isteach go Teagasc in 2006 tá athruithe suntasacha feicthe ag Veronica i gCill an Dátúnaigh. ''Tá an t-éileamh ar chúrsaí Teagasc méadaithe faoi suas le 70% ó thosaigh mé ag obair anseo in 2006. Tá fuinneamh agus spreagthacht nua chun na feirmeoireachta le feiceáil againn anois i measc ár ndaltaí. Ceapaim, anois níos mó ná riamh, go meastann an ghlúin óg gur dúshlán atá i dtodhchaí na feirmeoireachta agus tá an-fhonn orthu aghaidh a thabhairt ar agus, ó bheith ag obair leo lá i ndiaidh lae, tá muinín agam ina gcumais chun a ngnólachtaí a fhás ar bhealach inbhuanaithe ó thaobh airgeadais agus comhshaoil de''.*

***Tionchar Cliaint:***
*''I gCill an Dátúnaigh dírímid ar ghnéithe praiticiúla na talmhaíochta a mhéid is a dhírímid ar na gnéithe teoiriciúla, agus é mar chuspóir againn duine aibí a fhorbairt i dtéarmaí feasachta agus cumais''.*

## FORAOISEACHT

### CLÁR COMHAIRLEACH

Tá sé mar aidhm ag clár foraoiseachta Teagasc éifeachtúlacht agus brabúsacht na bhforaoiseacha feirme nua a mhéadú agus luach na bhforaoisí buaircíneacha agus leathanduilleacha araon a mhéadú trí idirghabháil bhainistíochta treoraithe.

Treoraithe ag Príomhtháscairí Feidhmíochta, rinneadh dul chun cinn in 2010 trí bhogearraí nua um measúnú airgeadais a thabhairt isteach do chomhairleoirí foraoiseachta; ag reáchtáil taispeántas náisiúnta buaircíneach (970) agus leathanduilleach (tinreamh 450). Mheall siúlóidí feirme buaircíneacha 323 duine, agus mheall siúlóidí feirme leathanduilleacha 223 duine.

Chomh maith céanna, reáchtáil comhairleoirí foraoiseachta taispeántais náisiúnta, siúlóidí feirme, cúrsaí FEPS, 639 cuairt ar láithreacha agus d'éascaigh siad bunú 18 grúpa táirgeora.

### CLÁR COMHAIRLEACH

In 2010 bhí 457 cliant in iomlán faoi chonradh ag an ngrúpa gairneoireachta a fhreastalaíonn ar tháirgeoirí muisiriún, barr glasraí, stoic Phlandlainne agus torthaí boga agus reáchtáil sé os cionn 700 cuairt agus d'fhorbair 93 plean gnó agus 12 seimineár.

## AN CLÁR UM BHARRA, AN COMHSHAOL AGUS TALAMHÚSÁID

Déantar taighde i gcranneolaíocht bhuaircíneach agus leathanduilleach a stiúradh laistigh den Chlár Foraoiseachta agus úsáidtear é chun gormphriontaí bainistíochta foraoise a chruthú. Déantar taighde chomh maith chun feabhas a chur ar chaighdeán géiniteach na nábhar plandála atá ar fáil don tionscal mar shampla trí bhanc clónála Fearnóige a bhunú.

### AN CLÁR UM BHARRA, AN COMHSHAOL AGUS TALAMHÚSÁID

Cuimsíonn an clár gairneoireachta taighde ar mhuisiriúin, sútha talún agus stoc plandlainne. I measc na dtionscadal leanúnach taighde tá fiteacheimiceáin i mbarraí glasraí agus i bprátaí; an t-ábhar cothaithe i gcabáistí a fheabhsú; bithshrianadh i raon barr; agus tricideirmea i muisiriúin.

## MUCA

Cuireann an Clár um Fhorbairt Muc taca faoi thionscal muice na hÉireann trí thaighde, comhairle agus oiliúint.

### COMHAIRLE AGUS OILIÚINT

Stiúir an grúpa muice 325 cuairt ar fheirmeacha, chuir siad 40 plean gnó i gcrích agus rinne siad 20 dearadh foirgnimh a sheachadadh do chliaint. Rinneadh dhá chomhdháil a sheachadadh chomh maith. Rinneadh dhá chúrsa leibhéal 6 de chuid FETAC i dTáirgeadh Muc a sheachadadh, chomh maith le 10 gceardlann oiliúna i bPáirc Uí Mhórdha agus i mBéal Átha hÉis agus 12 ceardlann oiliúna aonair.

### AN CLÁR TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHTA UM AINMHÍ AGUS TALAMH FÉARACH

Cuimsíonn taighde leanúnach forbairt mhatáin, bainistíocht aoiligh, éifeacht an fhosfair ar fhorbairt na gcnámh, an fheidhm imdhíonachta i muca, táirgeadh fuinnimh ó aoileach muice agus measúnú sábháilteachta ar chomhábhair bhia GM.




KRONE
KRONE
JOHN DEERE
6230




# SPRIOC 2

## Tacú le feirmeoireacht inbhuanaithe agus leis an gcomhshaol

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority
www.teagasc.ie

## N CLÁR UM BHARRA, AN COMHSHAOL AGUS TALAMHÚSÁID

### An Chéad Léarscáil um Chumhdach Talún agus Gnáthóg d'Éirinn

In 2010 tháirg Teagasc na chéad léarscáileanna ardtaifeacha náisiúnta um chumhdach talún agus gnáthóg d'Éirinn. Táirgeadh an dá léarscáil seo mar chuid de Thionscadal Ithreach agus Fo-ithreach Digitigh de chuid Teagasc/EPA agus is bunús iad le haghaidh anailíse ar athrú ar chumhdach talún.

Aicmítear íomhánna satailíte de réir cineálacha difriúla cumhdaigh thalún agus gnáthóg ag úsáid teicnící den scoth. Is féidir le braiteoirí spás-iompartha, cosúil leis an Uirlis Téamach Mapála LANDSAT a úsáideadh sa tionscadal seo, íomhánna a thaifeadadh thar limistéir mhóra geografacha i gcodanna den speictream leictreamaighnéadach atá dofheicthe don tsúil dhaonna. Úsáideadh trí híomhá dhéag sa tionscadal chun an tír a chumhdach i limistéir léarscáilithe chomh beag le heicteár amháin in aicmí ar nós ''Foraoiseacht Aibí'' agus ''Féarach Fliuch''.

Léiríonn an tionscadal seo an cumas mór a bhaineann le satailítí a úsáid i ndéanamh monatóireacht ar thalamhúsáid, ar thalmhaíocht agus ar an gcomhshaol níos leithne.



*TEIDEAL A – MODIS íomhá satailíte ''fíordhatha'' d'Éirinn le caoinchead ó NASA, le hintlis a léiríonn cuid d'íomhá ''bhréagdhatha'' SPOT 5. Léiríonn an íomhá bhréagdhatha difríochtaí i bhfad níos mionsonraithe i bhfásra ná an íomhá ''fhíordhatha'' a bhfuil taithí againn uirthi. Tugtar íomhá bhréagdhatha uirthi mar úsáideann sí solas atá frithchaite ''beagnach san infridhearg'', nach féidir linn a fheiceáil ach a fhrithchaitheann an fásra go láidir.*




**Monatóireacht ar thionchair chomhshaoil na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath:**

Ó cuireadh tús léi i 1994, tá éileamh mór ar fhianaise maidir le héifeachtacht chomhshaoil na Scéime um Chaomhnú an Chomhshaoil Faoin Tuath (REPS), a d'íoc breis is €3 billiún le feirmeoirí faoi 2010. Bhí sé mar aidhm ag an staidéar deasca seo tacú le cinnteoireacht maidir le dearadh agus forfheidhmiú cuí de chlár monatóireachta comhshaoil le haghaidh scéimeanna agra-chomhshaoil Éireannacha.

Ar an iomlán, meastar go gcosnóidh an mhonatóireacht chomhshaoil ar bhearta REPS roghnaithe, bearta breise, roghanna bithéagsúlachta agus Beart A thart ar €3.4 milliún thar thréimhse 4 bliana. Bheadh an meánbhuiséad bliantúil le haghaidh an chláir mhonatóireachta (€0.86m) cothrom le thart ar 0.25% de chaiteachas bliantúil ar REPS.

Tá cosúlachtaí láidre idir bhearta REPS agus an scéim agra-chomhshaoil AEOS nua a cuireadh i bhfeidhm in 2010. Mar sin, d'fhéadfaí measúnú ar iarmhairtí comhshaoil REPS a úsáid chun éifeachtacht comhshaoil na mbeart comhchosúil a chuirtear i bhfeidhm i ndáil le AEOS (nó scéimeanna amach anseo leis na bearta céanna) a thomhas níos tapúla.

Tá sé tábhachtach go léirítear na hiarmhairtí comhshaoil de REPS agus AEOS chun caiteachas fadtéarmach ar a leithéid de scéimeanna a dhlisteanú. Le monatóireacht, is féidir tairbhí a shainaithint, ach is féidir laigí a shainaithint agus a cheartú freisin, agus na scéimeanna a fheabhsú dá réir. Níos tábhachtaí fós, is féidir iarmhairtí dearfacha comhshaoil na scéimeanna a shainaithint agus a chur in iúl d'fheirmeoirí, agus don phobal.

**Gráin Ghránaigh agus Fuíoll Bharra mar Bhunábhair le haghaidh Dócháin**

Fuarthas amach ón tionscadal gur féidir réimse leathan de bhunábhair bhithmhaise a dhó i gcoirí. Na hábhair is deacra le dó ná na hábhair a bhfuil taisleach ard, dlús íseal toirte nó droch-airíonna sreafa ag baint leo. Is féidir na hairíonna sin a mhaolú, áfach, le triomú agus le dlúthú. Ní mór ábhair le leáphointí ísle luaithe ar nós Mioscantach a dhó i gcoirí a úsáideann athfhilleadh gáis mhúcháin, grátaí uiscefhuaraithe nó suaitheadh láimhe de chlincear.

Braitheann dóchán rathúil de ghráin ghránaigh ar speiceas, cleachtas agranamaíoch agus cion taise. Is féidir coirce agus triteacál a dhó go rathúil nuair a bhíonn an cion taise faoi bhun 20%, agus níl speicis ghráin eile chomh hoiriúnach céanna le dóchán. Ba chóir go gcinnteofar agus an gránach á shaothrú i gcomhair dócháin go bhfuil leibhéil nítrigine gráin chomh híseal agus is féidir chun astuithe arda ocsaídí nítrigine ón dóchán a sheachaint.



# Chun Tairbhe Feirmeoirí agus an Chomhshaoil

**Léarscáiliú ithreach**

*Tá sé mar aidhm ag an tionscadal ar a dtugtar Córas Faisnéise Ithreach na hÉireann (ISIS), a threoraíonn agus a bhainistíonn Rachel Creamer ag Teagasc Chaisleán Bhaile Sheáin, léarscáil ithreach na hÉireann a chur i gcrích de réir scála 1: 250,000 (ca orlach amháin in aghaidh ceithre mhíle). Déanann an tionscadal forbairt ar obair de chuid an Foras Talúntais a rinne léarscáileanna mionsonraithe ithreach a tháirgeadh le haghaidh 44% den tír.*

*Cé go ndearnadh táirgeadh ar léarscáileanna AFT go heisiatach as dianchlár samplála allamuigh, comhcheanglaíonn ISIS teicneolaíocht cheannródaíoch um mapáil spásúlachta le suirbhéireacht thraidisiúnta allamuigh chun na léarscáileanna nua a chruthú.*

*Beidh na léarscáileanna nua ina mbunchloch ar a dtógfar taighde amach anseo chun comhairle chothaitheach níos fearr atá sainiúil don ithir a chur ar fáil, fad is a shásófar an riachtanas go mbeadh a leithéid d'fhaisnéis ithreach ar fáil don phobal mar a mholann reachtaíocht an AE.*

Pictiúr den fhoireann ISIS ar fheirm Nicholas Bielenbergs ag Teach Munny, An Tulach, Co. Cheatharlach.

"Tá an ISIS i mbun oibre ceannródaíche go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta don earnáil feirmeoireachta agus d'eolaithe. Cuirfidh sé an t-eolas agus na sonraí ar fáil a chabhróidh linn ár n-acmhainní ithreach a bhainistiú ar bhonn táirgiúil agus inbhuanaithe".

An tOllamh Gerry Boyle

Grianghraf d'fhoireann ISIS ar fheirm Nicholas Bielenberg (lár) gar don Tulach, Co Cheatharlach.

Próifíl Cliant:




**Treoirlínte Nua maidir le Saileach agus Mioscantach**
Sheol an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Brendan Smith, agus an Chéad-Aire Talmhaíochta i dTuaisceart Éireann, Michelle Gildernew, "Treoirlínte Dea-Chleachtais" do shaothróirí sailí agus mioscantaigh ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta i mBaile Átha Í. D'fhoilsigh Teagasc na treoirlínte i gcomhar leis an Institiúid Agraibhia agus Eolaíochta Bitheacha (AFBI), Tuaisceart Éireann. Déanfar nuashonrú ar na "Treoirlínte Dea-Chleachtais" ar bhonn leathbhliantúil mar a thagann torthaí taighde agus fais-néis nua chun solais ó chláir taighde Teagasc agus AFBI araon.

**Bithscaglann Ghlas**
Tá imscrúdú déanta ag taighdeoirí Theagasc i gcomhar le hOllscoil agus Ionad Taighde Wageningen, san Ísiltír, ar úsáid bhithmhaise féaraigh chun fuinneamh agus ceimiceáin, nó bithscaglann ghlas (GBR), a tháirgeadh.

Tugann torthaí ón staidéar le tuiscint gurb é an dobharcheantar idéalach le haghaidh GBR ná 700-800 heicteár ag brath ar infhaighteacht bhithmhaise sa dobharcheantar, ba chóir go mbeadh an infhaighteacht sa bhreis ar 30% chun costais taistil a shrianadh.

Beidh an inmharthanacht is fearr de GBR i limistéir ina bhfuil titim ar líon an bheostoic agus ioncam feirme níos ísle, go háirithe i limistéir a thacaíonn le céatadán níos airde d'fheirmeacha neamhdhéiríochta. Tá infhaighteacht ionchasach níos airde de bhithmhais féir bhreise ag na limistéir sin. Chiallódh sé sin nach mbeadh ar GBR dul san iomaíocht le tráchtearraí traidisiúnta talmhaíochta.

Is comhpháirtithe iad Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste (QUB) sa tionscadal leanúnach seo.

**Próibhithigh dhearthóra le hotracht a laghdú**
Tá tréithchineál de Lachtbhachaillín aimsithe ag eolaithe ó Ionad Cógasbhitheach an Bhia (APC), Corcaigh, ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus ó Theagasc, chun leagan de mhóilín ar a dtugtar aigéad líonoiléach comhchuingeach (CLA) a tháirgeadh. Nuair a tugadh an tréithchineál baictéarach a ndearnadh innealtóireacht air do lucha, fuair na taighdeoirí amach go ndearnadh athrú suntasach ar chomhdhéanamh fíocháin shailligh na luch, rud a léirigh gur féidir tionchar a bheith ag ionghabháil baictéar beo ar mheitibileacht ag cianchodanna sa chorp.

Is aigéad sailleach é CLA a tháirgeann baictéir éagsúla i leaganacha difriúla. Léiríodh go bhfuil baint ag cineál amháin, t10 c12 CLA, le saill choirp laghdaithe i ndaoine agus in ainmhithe eile. Tá t10 c12 CLA in ann fás na gceall ailse drólainne a chosc agus iad a mharú freisin.





Próifíl Foirne:

**Sinead McParland**
**Oifigeach Taighde,**
**Páirc na Darach**
**Ba déiríochta.**

*Is Oifigeach Taighde í Sinéad Mc Parland ag Teagasc sa Chloch Liath agus déanann sí imscrúdú ar bhealaí chun cothromaíocht na n-aigéad sailleach i mbainne ó bha déiríochta a fheabhsú.*

*Thosaigh Sinéad Mc Parland, iníon feirmeora ó Báile Atha Cliath, le Teagasc mar Chomhalta Walsh in 2005 agus chríochnaigh sí PhD in 2008. In 2009 ghlac Sinéad le post mar thaighdeoir ag obair ar phróifíl saille an bhainne ó bha déiríochta ar thionscadal arna urrú ag ICBF.*

*Is é cuspóir an tionscadail ná teicneolaíochtaí géinbhunaithe a aimsiú a chuirfeadh ar chumas tógálaithe eallaigh ba a tháirgeann bainne níos sláintiúla a shainaithint agus a phórú, fad is a bhíonn na ba iad féin níos sláintiúla.*

**Tionchar Cliaint:**

*Tá taighdeoirí ag súil go dtiocfaidh méadú ar airíonna sláintiúla an bhainne do thomhaltóirí trí imscrúdú, agus pórú a dhéanamh b'fhéidir, le haghaidh cineálacha difriúla saille a tháirgeann ba déiríochta.*

Próifíl Foirne:

## CLÁR FORBARTHA AGUS GEILLEAGAIR TUAITHE

### Suirbhé Náisiúnta Feirme 2010


Tá torthaí ioncaim Shuirbhé Náisiúnta Feirme de chuid Teagasc don bhliain 2010 bunaithe ar réamh-mheastachán de 814 feirm as sampla iomlán de 1,050 feirm. Léirigh na réamh-mheastacháin gur tháinig méadú 46% ar an meánioncam feirme in 2010, a chiallaíonn go bhfuil an meánioncam don earnáil feirmeoireachta in 2010 cothrom le €17,771. B'ionann an méadú seo ar ioncam agus athshlánú ar leibhéil na bliana 2008 nuair a bhí meánioncam na hearnála cothrom le €16,993.

Léirigh na torthaí ioncaim an difríocht idir na hearnálacha éagsúla feirmeoireachta in 2010. Bhí méadú 81% ar an meánioncam ar fheirmeacha déiríochta in 2010, go thart ar €44,432. Bhí méadú de bheagnach 30% ar phraghsanna bainne in 2010 d'fheirmeoirí déiríochta, agus in éineacht le méaduithe measartha ar chostais, baineadh méaduithe suntasach ioncaim amach dá réir. Bhí na méaduithe is mó ar ioncaim ar fheirmeacha curaíochta, le feirmeoirí ag baint tairbhe as an téarnamh suntasach sna margaí domhanda gráin chomh maith le fómhar maith. Bhí méadú de bheagnach 141% ar fheirmeacha speisialaithe curaíochta ó 2009 go 2010 go €36,759 ar an meán.

Ba bheag an feabhas a bhí ar ioncaim eallaigh agus chaorach in 2010. Bhí méadú ioncaim thart ar 7% ag na feirmeacha stoic thirim sin arb ionann iad agus tromlach de dhaonra feirmeoireachta na hÉireann. Níor tháinig ach méadú 7% ar fheirmeacha tógála eallaí, a thug an meánioncam cothrom le €7,013. Braitheann feirmeoirí eallaigh go mór ar fhóirdheontais go fóill agus in 2010 b'ionann íocaíochtaí díreacha agus breis is 50% d'olltáirgeacht iomlán feirme ar na feirmeacha seo. Tháinig méadú 8% ar ioncam ar fheirmeacha caorach, go meánmhéid de €11,568 in 2010. Bhain feirmeoirí caorach tairbhe as méaduithe ar phraghsanna na n-uan mar aon leis an Íocaíocht um Fhéarach Caorach nua a tháinig isteach.

Cuimsíonn an meánioncam earnála de €18,022 gach córas agus achar feirme, ach folaíonn an meánmhéid seo éagsúlacht mhór in ioncam thar na fiontair éagsúla feirmeoireachta. Bhí meánioncam na bhfeirmeacha lánaimseartha níos tráchtála, arb ionann iad agus tuairim is 30,000, cothrom le thart ar €43,000 in 2010. Thuill tuairim is 13,000 feirmeoir ioncam feirme de €40,000 nó níos mó in 2010.

Léiríonn torthaí an NFS go raibh feirmeoirí thíos leis an gcúlú eacnamaíochta freisin in 2010 de bharr gur tháinig laghdú ar an líon teaghlaigh feirme a bhfuil ioncam lasmuigh den fheirm acu. Den chéad uair ó 2003, tháinig laghdú ar an líon teaghlaigh feirme ina noibríonn an feirmeoir agus/nó an céile lasmuigh den fheirm go níos lú ná 50%.




D'ainneoin an téarnaimh shuntasach in ioncaim feirme in 2010, tá beagnach 40% de theaghlaigh feirme, nó 37,000 teaghlach, fós leochaileach ó thaobh eacnamaíochta de, rud a chiallaíonn nach bhfuil gnó na feirmeoireachta inmharthana ar bhonn eacnamaíoch nuair nach n-oibríonn an feirmeoir ná an céile lasmuigh den fheirm.

*An Dr. Thia Hennessy, Brian Moran agus an Dr. Frank O' Mara ag seoladh na dTorthaí ar an Suirbhé Náisiúnta Feirme 2010.*







# SPRIOC 3

## Éagsúlú a chothú i nGeilleagar na tuaithe agus Cáilíocht an tSaoil faoin Tuath a Fheabhsú



Teagasc
Agriculture and Food Development Authority
www.teagasc.ie

## CLÁR COMHAIRLEACH

**Seimineáir Roghnacha de chuid Teagasc le haghaidh Feirmeoirí**

Sheol limistéir chomhairleacha Teagasc sraith náisiúnta de dheich Seimineár Roghnach in 2010 le cur ar chumas teaghlaigh feirme iniúchadh a dhéanamh ar fhiontair mhalartacha féideartha. Tugann ré-áiritheoir nua um ioncam teaghlaigh feirme arna dhearadh ag Teagasc léargas dúinn ar an ioncam teaghlaigh feirme a fheidhmíonn mar bhonn le scrúdú a dhéanamh ar staid reatha ioncaim agus teaghlaigh gach aon duine.

Tugann sé seo deis measúnú a dhéanamh ar chumas na feirme agus an teaghlaigh dul sa tóir ar an líon mór roghanna atá ann chun ioncam breise a ghiniúint agus todhchaí inmharthana agus tharraingteach a chruthú.

Bhí comhairleoirí agus speisialtóirí Teagasc, mar aon le hionadaithe ó ghníomhaireachtaí eile lena n-áirítear LEADER, Boird Fiontar Contae, i láthair ag gach ceann de na seimineáir.



*Sa phictiúr, ag seoladh sraithe náisiúnta de Sheimineáir Roghnacha de chuid Teagasc le haghaidh feirmeoirí, ar fheirm Joe Hayden i gContae Chill Mhantáin, tá (ó chlé): Joe Hayden, Tigh na hÉille; Maria Heneghan, Teagasc; an tOll. Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc; John Keating Bainisteoir Limistéir Chomhairligh Chill Mhantáin/Cheatharlach/Loch Garman; an Dr. Cathal O Donoghue, Teagasc.*





Próifíl Cliaint:

**Trevor Harris,
Cluain Troim,
Domhnach Dheá,
An Nás,
Co. Chill Dara
Feirmeoir Orgánach**

"Tá feirmeoireacht orgánach dúshlánach ach oibríonn sí dúinn ar bhonn praiticiúil agus orgánach."

Cé gur nideog fós atá ann, tá táirgeadh orgánach ag fás agus tá méadú 50% tagtha air le trí bliana anuas. Feidhmíonn Trevor Harris feirm orgánach anois lena bhean chéile agus a chúigear páistí óga i dtuaisceart chontae Chill Dara.

Ag deireadh na 1990idí, bhí díospóireachtaí fada ag Trevor lena chomhairleoir áitiúil Teagasc maidir le héileamh agus praghsanna féideartha do ghránaigh orgánacha, mairteoil agus uaineoil. Anois, fásann Trevor raon barr curaíochta go horgánach le hionchur ó speisialtóirí táirgthe orgánaigh de chuid Teagasc.

"Tá feirmeoireacht orgánach dúshlánach ach oibríonn sí dúinn ar bhonn praiticiúil agus orgánach," a chríochnaíonn Trevor.




Próifíl Cliaint:

## Grúpa Caora Miúile agus Liathéadain Mhaigh Eo

### Lamb Direct

"Ba mhaith leis na feirmeoirí seo smacht breise a bheith acu ar an táirge a fhágann geata na feirme mar tá a fhios acu go bhfuil sé ar chaighdeán ard agus ba mhaith leo go bhfaigheadh an tomhaltóir luach a chuid airgid chomh maith."

**Margaíocht na hUaineola**
Éascaíonn comhairleoir Teagasc, John Noonan, Grúpa Caora Miúile agus Liathéadain Mhaigh Eo. Bhog an grúpa ó bheith dírithe go mór ar tháirgeadh go grúpa atá dírithe ar mhargaíocht dhíreach uaineola Mhaigh Eo dar teideal Lamb Direct.


"Tá blas agus uigeacht bhreise le fáil sa táirge mar gheall ar chéatadán ard caorach brocach dúchasach i bpórú na n-uan," a deir John Noonan. Mar aon le Teagasc, tá comhairle tugtha ag Bord Bia do na feirmeoirí agus thug an chuideachta áitiúil Leader deontas do staidéar féidearthachta.
"Ba mhaith leis na feirmeoirí seo smacht breise a bheith acu ar an táirge a fhágann geata na feirme mar tá a fhios acu go bhfuil sé ar chaighdeán ard agus ba mhaith leo go bhfaigheadh an tomhaltóir luach a chuid airgid chomh maith."

Cuireann taighde a rinne Bord Bia in iúl gur fearr le daoine táirgí áitiúla a cheannach agus deimhnítear é seo tríd éileamh atá air ó seoladh é.

**Uaineoil Ardcháilíochta ón Mór Chuaird**
Is é atá i gceist leis seo ná grúpa de níos mó ná 25 Feirmeoir caorach atá ina gcónaí timpeall ar an Mór Chuaird. Chinn siad in Earrach na bliana 2009 teacht le chéile mar ghrúpa chun a gcuid uaineola a mhargú go díreach os rud é go raibh siad spreagtha ag tiomantas coiteann do cháilíocht agus tiomáint chun a gcuid fiontar a choimeád inbhuanaithe.

Chuaigh siad i gcomhpháirtíocht le búistéirí áitiúla, agus is féidir leo, le chéile, an táirge den cháilíocht is airde ó thaobh eacnamaíochta agus leasa de ar an bhfeirm chuig an próiseas próiseála agus pacáistithe, a dheimhniú.

RING OF KERRY QUALITY LAMB



## AN CLÁR FORBARTHA AGUS GEILLEAGAIR TUAITHE

**Luaineacht ioncaim**
Bhí luaineacht shuntasach praghais le brath ag feirmeacha déiríochta agus bairr idir 2007 agus 2009. Beidh sé riachtanach modhanna nua, idir phoiblí agus phríobháideacha araon, a bhreithniú d'fhonn an luaineacht seo a bhainistiú amach anseo.
De réir sonraí an tSuirbhé Náisiúnta Feirme le haghaidh 2006, níor áirigh méid feirme ach 9% den difríocht i gcostais táirgthe ar fheirmeacha déiríochta, agus mar sin, is é an tátal ar féidir a bhaint as ná nach ionann é agus an tiomántóir is tábhachtaí i leith éifeachtúlachta costais ar fheirmeacha déiríochta.

Bhí suim ar leith ag baint le tábhacht scála na n-oibríochtaí ar fheirmeacha curaíochta. Léiríodh san anailís go bhfuil torthaí méadaitheacha ar scála san earnáil churaíochta.

Léiríonn an toradh seo go bhfuil feirmeacha níos mó níos éifeachtúla. Beidh méid na speisialtóireachta ina shaincheist thábhachtach freisin maidir le todhchaí iomaíoch fheirmeoireacht ghránaigh na hÉireann.
Is é an toradh a bhíonn ar leibhéil speisialtóireachta níos airde ná leibhéil éifeachtúlachta níos airde san earnáil churaíochta.

**Rochtain phoiblí ar thalamh feirme** Scrúdaigh an tionscadal seo, trí shuirbhé a dhéanamh, an t-éileamh atá ann maidir le rochtain ar thírdhreach tuaithe agus toilteanas na bhfeirmeoirí rochtain ar a gcuid talún a cheadú le haghaidh gníomhaíochtaí áineasa. Ní raibh leath na bhfeirmeoirí a ndearnadh suirbhé orthu toilteanach rochtain a thabhairt ar a gcuid talún fiú dá n-íocfaí iad. Bhí impleachtaí núise (cur isteach ar ghníomhaíochtaí talmhaíochta), dliteanas árachais agus sárú a d'fhéadfadh a bheith ar phríobháideacht ina gcúiseanna leis seo.

Bhí íocaíocht ag teastáil ó bheagnach 58% de na feirmeoirí a bhí toilteanach rochtain a thabhairt (leath na ndaoine a ndearnadh suirbhé orthu) cé nach raibh íocaíocht ag teastáil ó na feirmeoirí eile.

Cheadódh na feirmeoirí eile a bhí toilteanach rochtain phoiblí a thabhairt an rochtain seo saor in aisce a luaithe is a shásófaí coinníollacha áirithe. I measc na gcoinníollacha seo ní fhéadfaí buancheart slí a bhunú, theastódh slánú iomlán árachais dliteanais phoiblí mar aon le costais chothabhála don siúlbhealach á gclúdach.



**Dúshlán na Sprice Amháin**

Ba é 'Dúshlán na Sprice Amháin' téama sheastáin Teagasc ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2010.
An smaoineamh a bhí ann ná go dtiomnódh cuairteoirí do raon spriocanna sonracha a d'fhéadfadh dul chun sochair dá gcuid gnólachtaí feirme. Cuireadh na spriocanna i láthair faoi na ceannteidil seo a leanas:
Déirí, Eallach, Caora, Foraoiseacht, Curaíocht, Gairneoireacht, Comhshaol, Éagsúlú, Bainistíocht Gnó Feirme, agus Oideachas. Cuireadh gach aon de na spriocanna in eagar san fhoirm SICRU: Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe. Bhí foireann atá saineolaíoch ar gach aon de na catagóirí seo ag seastán Teagasc agus bhí cuairteoirí in ann spriocanna oiriúnacha SICRU a phlé leo i dteannta le haon cheisteanna eile a d'fhéadfadh a bheith acu. Ghlac níos mó ná 1,100 cuairteoir aosach chuig seastán Teagasc páirt.




*Tom O'Dwyer, Ceannaire na Roinne um Aistriú Eolais Déiríochta de chuid Teagasc ag labhairt le feirmeoir ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a bhí ar siúl mBaile Átha Í.*

*Míníonn Stiúrthóir Teagasc an tOllamh Gerry Boyle Dúshlán na Sprice Amháin don Uasal Brendan Smith, T.D., Aire Talmhaíochta.*





Próifíl Cliaint:
Eugene McCartan,
Maolla,
Co Mhaigh Eo.

Feirmeoir Caorach/
Rannpháirtí Reps

Saothraíonn táirgeoir caorach Eugene McCartan 110 heictéar lena n-áirítear 250 caora agus 20 heictéar foraoise lánaibí lena n-áirítear feá, fuinseog, dair seiceamar agus sprús."

**Eugene McCartan,**
**Maolla, Co Mhaigh Eo.**

Saothraíonn táirgeoir caorach Eugene McCartan 100 heictéar lena n-áirítear 250 caora agus 20 heictéar foraoise lánaibí lena n-áirítear feá, fuinseog, dair, seiceamar agus sprús. In 2009, thug Eugene faoina dhúshlán foraoiseachta is mó leis féin, agus chuir sé 16 heictéar feadh An Róba.




Mar fheirmeoir REPS, cháiligh sé chun plandála faoin Scéim um Chosaint an Chomhshaoil Foraoise (FEPS) a thug cúiteamh dó as caillteanas REPS ar an limistéar a bhí curtha. Chuir FEPS deis ar fáil chun coillearnach a dhearadh a chuirfidh níos mó leis an tírdhreach, an bhithéagsúlacht agus cur chun cinn na speiceas dúchasach, mar aon le hacmhainn uisce An Róba a chosaint.

Os rud é gur eagraigh sé formhór na hoibre forbartha é féin, agus leas á bhaint aige as comhairle ghairmiúil ó Noel Kennedy Teagasc et al, braitheann Eugene go raibh smacht níos mó aige ar chostas agus uainiú an tionscadail.

Tá na seanchoillearnaigh folláin agus láidir, a bhuíochas sin ar bhainistíocht ghníomhach agus tanúchán tráthúil, agus cuireann siad soláthar seasta adhmaid ar fáil do ghnó sábhmhuilleoireachta an Uasail McCartan atá bunaithe ar fheirm .




**Dámhachtainí Nuálaíochta JFC do Ghnó Tuaithe**

Bhí na Dámhachtainí Nuálaíochta JFC do Ghnó Tuaithe urraithe arís ag JFC in 2010. Reáchtálann Teagasc, an Irish Farmers Journal, an Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe TÉ agus LEADER an comórtas i gcomhpháirtíocht. Is í aidhm na nDámhachtainí ná sreabhadh smaointe nua a spreagadh ó fheirmeoireacht agus ón bpobal agus cabhair a thabhairt do dhaoine aonair a gcuid smaointe a thabhairt chun réadúlachta. Agus é ag labhairt ag seoladh an chomórtais, dúirt John Concannon, stiúrthóir bainistíochta, JFC: "Ní raibh gá chomh mór le nuálaíocht riamh ná mar atá sa timpeallacht reatha seo. Do mhór án daoine, beidh forbairt smaointe nua agus cruthú gnó nua mar chéim i dtreo todhchaí níos fearr''.

Chuir an painéal breithiúnais agallamh ar bheagnach 60 iontráil incháilithe ó 24 as 32 tír.

Tháinig cúpla téama chun cinn i gcomórtas na bliana 2010; feirmeoirí ag cur luacha lena gcuid táirgí trína ndíol go díreach nó trí theacht le chéile i ngrúpaí le brandaí agus gnóthlachtaí nua a chruthú agus feirmeoirí ag cruthú fíorghnóthlachtaí san earnáil fuinnimh. Bhí Patrick & Peter Farrelly as Farrelly Bros, Carn na Ros, Ceanannas, Contae na Mí ina mbuaiteoirí foriomlána as a dtionscadal bithfhuinnimh sailí.

*''Spreagadh ollmhór dár gcuideachta agus don iarracht i ndáil lenár bhfuinneamh féin a fhás sa bhaile ba ea an bua sa chomórtas. Chabhraigh an phoiblíocht leis na buntáistí a bhaineann le saileach mar bharr airgid d'fheirmeoirí a léiriú agus chun creidiúnacht a thabhairt dár bpleananna 5,000 acra breise de shaileach a chur an bhliain seo chugainn. Tá muinín tugtha aige dúinn dul chun cinn a dhéanamh mar aon lenár ngnó a fhairsingiú chuig an Pholainn agus an RA. Is gné lárnach den dámhachtain í an mheantóireacht agus an tacaíocht a fhaighimid i gcónaí ó chomhlachtaí cosúil le Teagasc agus LEADER.''*

*Patrick Farrelly, Farrelly Willow Ltd, Buaiteoir Foriomlán na nDámhachtainí Nuálaíochta JFC 2010.*




# SPRIOC 4

## Inniúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus luach a thabhairt ar airgead

Teagasc
Agriculture and Food Development Authority
www.teagasc.ie



## Stiúrthóir um Aistriú Eolais

**An Dr. Tom Kelly**
Mar chuid dá Chlár Athraithe, chomhcheangail Teagasc a sheirbhís chomhairleach lena sheirbhís oideachais d'fhonn Stiúrthóireacht aonair um Aistriú Eolais a chruthú, atá faoi stiúir an Dr. Kelly ó go luath sa bhliain 2010. Mar Stiúrthóir um Aistriú Eolais tá seirbhísí oideachais agus chomhairleacha Teagasc á stiúradh ag an Dr. Kelly isteach sa chéad chéim forbartha eile, de réir mar a leanann an líon daltaí san oideachas talmhaíochta ag méadú agus de réir mar atá feirmeoirí ag iarraidh feabhas a chur ar fheidhmíocht theicniúil ar an bhfeirm d'fhonn brabúis a chothú sa todhchaí.

Ghnóthaigh an Dr. Kelly céim BAgrSc ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath i 1977. Chríochnaigh sé a Chéim Mháistreachta, ag déanamh staidéir ar línéalacha bhliteoirí i UCD/Páirc Uí Mhórdha, sular chuaigh sé i mbun taighde iarchéime ar an tionchar a bhíonn ag dearadh foirgnimh feirme agus tosca comhshaoil ar fheidhmíocht laonna dá PhD i UCD/An Ghráinseach. Tá MBA onóracha aige ó Ollscoil Luimnigh agus Dioplóma i bhForbairt Bhainistíochta ó Ollscoil Leeds.

**Príomhoifigeach Oibriúcháin**
Ceapadh Tom Doherty ina Phríomhoifigeach Oibriúcháin go luath in 2010 mar chuid de Chlár Athraithe Teagasc a chomhcheangail Stiúrthóireachtaí Seirbhísí Riaracháin agus Bainistíochta chun Stiúrthóireacht Oibriúcháin aonair a chruthú.

Tar éis dó céim san Eolaíocht Ríomhaireachta a ghnóthú ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath i 1979, rinne Tom Céim Mháistreachta i Riarachán Poiblí i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Tá Céim Mháistreachta aige chomh maith i mBainistíocht Tionscadail ó Ollscoil Luimnigh.

Chur sé tús lena shaol gairme sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus d'oibrigh sé freisin leis an Roinn Airgeadais, Airmotive Ireland, Tara Mines agus mar chomhairleoir bainistíochta le Ernst & Young. Sular thosaigh sé ag obair le Teagasc in 2003, chaith sé cúig bliana ina phríomhoifigeach faisnéise le Bord Gáis Éireann.





**Áis Taighde Nútraiceodach Teagasc**
Tá muinín riachtanach d'fhonn áis taighde ardteicneolaíochta den scoth a sheoladh ag an am seo – muinín i dtodhchaí earnáil agraibhia na hÉireann agus muinín in inniúlachtaí na hÉireann i ndáil le taighde agus eolaíocht mar chéim chun cinn le haghaidh fáis agus post. Sin é a bhí le rá ag an gCoimisinéir AE, Maire Geoghegan-Quinn ag oscailt Áis Taighde Nútraiceodach Teagasc, i mBaile an Ásaigh, Baile Átha Cliath. ''Léiríonn sé tuiscint mhaith ar an ról ríthábhachtach a bhaineann le hinfheistíocht i dtaighde agus i nuálaíocht maidir le haghaidh a thabhairt ar fhadhbanna eacnamaíochta na hEorpa,'' a dúirt sí.



*An Coimisinéir AE Maire Geoghegan-Quinn ag oscailt Áis Taighde Nútraiceodach Teagasc go hoifigiúil i mBaile an Ásaigh i dteannta leis an Aire Brendan Smith TD, an Dr. Noel Cawley, Cathaoirleach agus an tOll. Gerry Boyle, Stiúrthóir.*

Shonraigh an Coimisinéir an tábhacht a bhaineann le tionscal na talmhaíochta agus an bhia don Eoraip. ''Is fiú nach mór dhá thrilliún euro bitheacnamaíocht fhairsing na hEorpa, ina gcuimsítear talmhaíocht, foraoiseacht, iascaigh, bia, ceimiceáin agus bithbhreoslaí agus soláthraíonn sí os cionn 22 milliún post san Eoraip, 12 milliún díobh sin i dtalmhaíocht. Tá earnáil bhia agus talmhaíochta na hÉireann i riocht maith maidir le leas a bhaint as na deiseanna suntasacha atá ar fáil san earnáil ollmhór seo atá mar chuid de gheilleagar na hEorpa,'' a dúirt sí.

**Seimineár Chomhaltachtaí Walsh**

Tionóladh Seimineár Chomhaltachtaí Walsh de chuid Teagasc san RDS, Baile Átha Cliath, mar chuid de ghníomhaíochtaí Sheachtain Eolaíochta 2010 Teagasc.

Ag an seimineár bliantúil, thaispeáin taighdeoirí óga a dtorthaí óna cuid taighde agus an tionchar féideartha ar féidir a bheith ag scéim chomhaltachtaí Walsh, Teagasc agus comhpháirtithe tríú leibhéal eile ar an earnáil agraibhia. Chuimsigh an taighde a cuireadh i láthair raon fairsing ábhar sna heolaíochtaí ainmhithe, barr, bia, comhshaoil agus eacnamaíochtaí tuaithe.

Ba í Michelle Whelan buaiteoir sheimineár Chomhaltachtaí Walsh 2010 agus buaiteoir an bhoinn RDS, a chuir doiciméad maidir le 'Deimhniú ar iarmhair frithphéisteacha i mbainne ag úsáid UPLC-MS/MS le mearlascadh polaraíochta' i láthair. Modh anailíseach nua d'fhonn príomhaicmí iarmhair na ndrugaí frithphéisteacha a dheimhniú i mbainne. Tá Michelle Whelan ina Comhalta Walsh in Ionad Taighde Bia Teagasc, i mBaile an Ásaigh, faoi mhaoirseoireacht an Dr. Ambrose Furey, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Dr. Martin Danaher, Teagasc.

*Cathaoirleach, Coiste Talmhaíochta agus Gnóthaí Tuaithe an RDS, Jim Flanagan, le Michelle Whelan, Ionad Taighde Bia Bhaile an Ásaigh, Comhalta Walsh na Bliana agus buaiteoir an bhoinn RDS, agus Stiúrthóir Teagasc, an tOllamh Gerry Boyle.*





*Ar Dheis:*
*An Dr. Erkki Kemppainen Ard Stiúrthóir MTT eagraíocht Taighde Agraibhia na Fionlainne á fháiltiú ag Stiúrthóir Teagasc Gerry Boyle le linn cuairte le déanaí go Páirc na Darach. Sa phictiúir chomh maith tá an Dr. Anu Harkki, stiúrthóir taighde MTT agus an Dr. Roy Tubb, Ceannaire an Chomhoibrithe Idirnáisiúnta le MTT. Chuir an Dr. Frank O'Mara, an Dr. Lance O'Brien, Ger Shortle, Pat Murphy agus an Dr. Ray Kelly léiriúcháin i láthair don ghrúpa MTT.*

*Thíos:*
*Pictiúir a tógadh ag seoladh Chlár Oscailte Nuálaíochta Teagasc 2010/11 ó chlé go deas tá: An tUas. Peter Leonard, Comhairleach, Maigh Eo: An tUas. Joe Murray, Cathaoirleach, Painéal an Chláir Nuálaíochta: An tOllamh Gerry Boyle, Stiúrthóir Teagasc: An Dr Lance O'Brien, Comhordaitheoir an Chláir; an Dr. Aine Macken-Walsh, Ionad Taighde um Geilleagar Tuaithe: agus an tUas. Paddy Browne, Ceannaire Oideachais.*





**Seachtain Eolaíochta Teagasc Imeachtaí 2010**

Is cuspóir de Sheachtain na hEolaíochta é ábharthacht na heolaíochta, na hinnealtóireachta agus na teicneolaíochta inár saol laethúil a chur chun cinn agus a léiriú cé chomh tábhachtach atá na disciplíní sin maidir le sochaí na hÉireann a fhorbairt sa todhchaí agus maidir leis an ngeilleagar. Tacaíonn Teagasc leis an tionscnamh 'Discover Science and Engineering' seo trí shraith imeachtaí agus Laethanta Oscailte a reáchtáil ag suíomhanna taighde agus oideachais Teagasc ar fud na tíre. Bhí tuairim is 850 dalta i láthair in 2010. Bhí raon fairsing ábhar ar fáil i ngach ceann de na suíomhanna agus ina measc bhí:

Rinne Ionad Taighde Bia Teagasc, i mBaile an Ásaigh, baictéir ar lámha a léiriú, trína soilsiú le braiteoir UV, mar aon le pataigíní bia ar phlátaí agair agus an úsáid a bhaintear as modhanna móilíneacha chun baictéir a bhrath.

Le linn lá oscailte Ionad Taighde um Táirgeadh Ainmhí agus Talamh Féarach Teagasc, i mBéal Átha an Rí, reáchtáladh cuairteanna ar na Saotharlanna um Atáirgeadh Ainmhithe agus Seadeolaíocht ina raibh daltaí ábalta a fheiceáil conas a úsáidtear an eolaíocht chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna a bhaineann le hatáirgeadh agus le seadánachas in eallaí agus i gcaora.

Thaispeáin Ionad Taighde um Táirgeadh Ainmhí agus Talamh Féarach Teagasc, An Ghráinseach, Co. na Mí, na cláir taighde um Atáirgeadh Ainmhithe agus Eolaíochtaí Bitheacha lena n-áirítear faisnéis ar ghéanómaíocht ainmhithe. Ag an Ionad Taighde Comhshaoil, i gCaisleán Bhaile Sheáin, Loch Garman, cuireadh daltaí ar an eolas faoi roinnt turgnamh atá ar bun maidir le héiceolaíocht, astú gásach, cáilíocht uisce, ithreacha agus éifeachtúlacht chothaithigh





**Coláiste Chill an Dátúnaigh, Cill Chainnigh**
Bhí an deis ag daltaí i gColáiste Talmhaíochta Chill an Dátúnaigh na córais díleá athchogantacha agus monaghastracha a imscrúdú.

Do thairg an tIonad Taighde um Táirgeadh Ainmhí agus Talamh Féarach agus an tIonad Taighde Bia, i bPáirc Uí Mhórdha, Corcaigh, an deis do dhaltaí cuairt a thabhairt ar Ionad Taighde Bia Pháirc Uí Mhórdha (MFRC) agus Ionad Taighde agus Nuálaíochta um Ainmhí agus Talamh Féarach Pháirc Uí Mhórdha araon. Maidir le bia, cuireadh daltaí ar an eolas faoi conas a throideann baictéir phróibhitheacha i gcoinne drochbhaictéar agus conas a chabhraíonn sé imscrúdú a dhéanamh ar an DNA atá acu.

Maidir le táirgeadh, d'fhoghlaim daltaí mar gheall ar chothú athchogantach, astaíochtaí gás ceaptha teasa ó tháirgeadh déiríochta, uathoibriú i gcrú bó, éifeachtúlacht úsáide fuinnimh agus pórú laonna.

**An tIonad Taighde Bairr, Páirc na Darach, Ceatharlach**
Thug mic léinn fochéimithe ó Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach agus daltaí ó scoileanna áitiúla cuairt ar Ionad Taighde Bairr Pháirc na Darach áit a léirigh taighdeoirí os na cláir phórúcháin, phaiteolaíochta agus bhithbhreoslaí roinnt de na gníomhaíochtaí taighde atá ar bun acu.

**Tuigeann Teagasc**
Tuigeann Teagasc an tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis na Meáin Shóisialta cosúil le Facebook agus Twitter mar uirlisí chun cumarsáid a dhéanamh le daltaí agus cliaint.
''Ceann de na húsáideanna ba luaithe a bhain Teagasc as Twitter ná chun dul i dteagmháil le daltaí agus iad a spreagadh chun a bheith rannpháirteach i Seachtain Eolaíochta 2010,'' a deir Catriona Boyle ó Theagasc Pháirc na Darach.

facebook

twitter

**Buann Feirmeoir ó Phort Láirge Gradam Teagasc/FBD do Mhac Léinn na Bliana 2010**

Ba é William Keane ó Chontae Phort Láirge buaiteoir an ghradaim Teagasc Mac Léinn na Bliana 2010. Bhronn Cathaoirleach Teagasc, an Dr Noel Cawley, na gradaim, arna n?urrú ag FBD Trust, ag Comhdháil Oideachais Talmhaíochta de chuid Teagasc i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Feabhra.

Bhain William Keane, Garrán Tortan, Coill Mhic Thomáisín, Contae Phort Láirge pas le tuillteanas amach san Ardteastas i mBainistíocht Tréada Déiríochta ag Coláiste Teagasc i gCill an Dátúnaigh, Baile an Phoill, Contae Chill Chainnigh.

Ag labhairt ag bronnadh na ngradam, rinne Cathaoirleach Teagasc an Dr. Noel Cawley comhghairdeas leis an ochtar iomaitheoir deiridh as ucht a ngnóthachtálacha.

"Tá an-chreidiúint ag dul daoibh, agus ní foláir gur bródúil atá bhur dtuismitheoirí agus bhur dteagascóirí a stiúir sibh agus sibh i mbun oideachais. Guím gach rath oraibh le bhur ngairmeacha amach anseo, agus os rud é gur rangaíodh sibh ag barr an ranga, tá súil agam go mbeidh sibh i bhur gceannairí sna tionscail a roghnaíonn sibh sna blianta atá róimh," a dúirt sé.

Dúirt an Dr. Cawley:
"Tá athbhreithniú cuimsitheach déanta ag Teagasc ar a chlár Oideachais agus Oiliúna agus leantar ar aghaidh ag uasghrádú na gclár sin go dtí na caighdeáin is airde. Tá creidiúnú na gclár oideachais agus oiliúna ag Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann lena n-gcuimsítear HETAC agus FETAC tar éis seasamh na gcáilíochtaí a ardú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.

Cuirtear gach cúrsa arna sheachadadh ag Teagasc ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, rud a chuirfidh le haitheantas náisiúnta agus idirnáisiúnta na ngradam seo."

Agus iad 26 bliain ar an bhfód, tá urraíocht á dhéanamh ag FBD Trust Ltd. ar na gradaim ó bunaíodh iad. Dúirt Paddy Browne, Ceannaire Oideachais Teagasc, ag labhairt dó ag mbronnadh gradam:
"Trína gcuid tacaíochta leanúnaí do Ghradaim Dalta na Bliana, tá a dtiomantas láidir don oideachas talmhaíochta léirithe ag FBD Trust. Spreagann an comórtas na daoine is fearr agus is éirimiúla le bheith rannpháirteach i bhfeirmeoireacht agus na caighdeáin is airde a bhaint amach."



Próifíl Foirne:




**Próifíl Foirne**
**Olivia Byrne**

**Ról Reatha: Maoirseoir Párolla, An Roinn Airgeadais, Páirc na Darach.**

Cúlra: Is ó Ghabhrán, Co. Chill Chainnigh í Olivia agus tá cúlra feirmeoireachta aici.

Sular tháinig sí go Teagasc bhí sí ag obair san earnáil phríob-háideach ar feadh 13 bliain agus ghnóthaigh sí taithí mhaith oibre i nDíolacháin, i réimsí éagsúla na Cuntasóireachta agus chaith sí roinnt blianta ag obair i bPárolla. Thosaigh sí ag obair le Teagasc in Aibreán 2005 mar Riarthóir Párolla sa Roinn Airgeadais. In 2008 bhí ról feidhmeach aici sa Roinn Acmhainní Daonna mar Oifigeach Seirbhísí AD agus ansin d'fhill sí ar Phárolla in 2009.

Is é an ról atá ag Olivia i láthair na huaire ná gach gníomhaíocht a bhaineann le feidhmiú éifeachtach an aonaid phárolla atá lonnaithe i Roinn Airgeadais Cheannoifig Teagasc a chomhordú, lena n-áirítear, ach ní teoranta do, pánna agus tuarastail gach fostaí de chuid Teagasc a íoc agus pinsin a íoc le pinsinéirí Teagasc. Baineann an ról seo le bheith ag obair go dlúth le baill foirne ag suíomhanna éagsúla Teagasc ar fud na tíre.

Bíonn eolas á iarraidh ar bhonn leanúnach ag baill foirne, Coimisinéirí Ioncaim, cuideachtaí seachtracha s.rl. maidir le céard a íocadh leo, tuarascálacha le sonraí a dheimhniú, imréitigh s.rl. agus ní mór é seo a bhainistiú agus a urrú go cúramach agus éilítear cumas chun oibriú go go léirthuisceanach agus go báúil ar bhealach rúnda. Chomh maith lena dheimhniú go ngéilleann Teagasc do rialacha agus rialacháin rialachais chorparáide, is príomhthosaíocht na Roinne í seirbhís chustaiméirí den scoth a sholáthar do bhaill foirne, do phinsinéirí, do lucht bainistíochta agus do gach páirtí leasmhar eile.

Mar atá i ngach réimse Airgeadais bíonn an Roinn Párolla de shíor ag cur modheolaíochtaí agus córas nua in oiriúint lena dheimhniú gur féidir leo a gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach níos tráthúla agus níos éifeachtúla agus le go bhféadfaí feabhas a chur ar an seirbhís dá gcuid páirtithe leasmhara.
Le blianta beaga anuas d'oibrigh Olivia go dlúth leis an Roinn Acmhainní Daonna maidir le córas nua Párolla/AD a chur i bhfeidhm agus tá modúil féinseirbhíse don fhostaí le cur i bhfeidhm sa bhliain atá romhainn.



# RÁITIS AIRGEADAIS

## Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2010

# RÁITIS AIRGEADAIS

An Bhliain Dar Críoch 30 Nollaig 2010

| CLÁR | LEATHANACH |
| --- | --- |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE | 64 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 65 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS | 66 |
| BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 67 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 69 |
| RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA | 69 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 70 |
| RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID | 71 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 72 |

Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach iontu, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlán, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, agus na nótaí gaolmhara. Tá an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus ag teacht leis an gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn.

**Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis**

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, deimhin a dhéanamh de go dtugann siad tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis agus ar a ioncam agus a chaiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a dheimhniú.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus as tuairisciú a dhéanamh orthu de réir an dlí is infheidhme.

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú Comhlachtaí Stáit.

Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh le Caighdeáin Eiticiúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta d'Iniúchóirí.

**Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais**

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtaí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í agus dearbhú réasúnach go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíráiteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaois nó earráid é. Áiríonn sé seo measúnú ar:

- cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta feiliúnach do chúinsí an Údaráis, agus an bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go himleor
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn do na ráiteas airgeadais a bheith á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais

Chomh maith leis sin, déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i gcaitheamh an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa tuarascáil bhliantúil ar mhaithe le haon neamhréireachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíráitis nó neamhréireachtaí dealraitheacha ábhartha faoi deara, déanaim mo mhachnamh ar na himpleachtaí a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

**Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais**

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir na gCleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo Go Coitianta in Éirinn, tuairisc fhíor agus chothrom ar staid ghnóthaí an Údaráis ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a ioncam agus a chaiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE
le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Nithe a ndéantar Tuairisciú de réir Eisceachta orthu

Bíonn tuairisciú eisceachta i gceist sna cásanna seo a leanas:

- Mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- má tógadh faoi deara san iniúchadh nach raibh airgead á úsáid do na cuspóirí a leagadh síos nó sa chás nár ghéill idirbhearta do na húdaráis a bhí á rialú, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá i dTuarascáil Bhliantúil an Údaráis don bhliain ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais comhsheasmhach l eis na ráitis airgeadais, nó
- má léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais nach bhfuil an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an Údarás, nó
- Sa chás gur léir dom gur ann do nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a reáchtáladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe sin a ndéantar tuairisciú orthu de réir eisceachta.

**John Buckley**
**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**29 Meitheamh 2011**

# RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

Thar ceann Údarás Teagasc, is mian liom aitheantas a thabhairt dár bhfreagracht i leith a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais.

Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní absalóideach a sholáthar in aghaidh earráide ábhartha, míráitis nó caillteanais. Agus éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais á meas, tugann an tÚdarás agus a Choiste Iniúchóireachta aird, i measc rudaí eile, ar riachtanais an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Tá bearta curtha i gcrích ag an Údarás le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe iomchuí i bhfeidhm trí:

- freagrachtaí bainistíochta, údaráis agus cuntasachta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní Teagasc a chosaint;
- cultúr de chuntasacht a fhorbairt ar fud na heagraíochta ar fad.

Tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás d'fhonn rioscaí gnó laistigh de Theagasc a aithint trí:

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá os comhair Teagasc a aithint, lena n-áirítear méid agus catagóirí na rioscaí a mheasann sé a bheith inghlactha;
- an dóchúlacht go dtarlóidh riosca aitheanta a mheasúnú;
- measúnú a dhéanamh ar chumas Teagasc na rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le feidhmiú rialuithe faoi leith a mheasúnú i gcoibhneas leis an sochar a fhaightear.

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat de thuairisciú bainistíochta rialta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta lena n-áirítear:

- córas cuimsitheach bliantúil um buiséadú agus tuairisciú airgeadais a athbhreithníonn agus a fhaomhann an tÚdarás;
- athbhreithnithe rialta a dhéanann an tÚdarás ar an straitéis fhoriomlán, ar phleananna gnó agus airgeadais agus ar athraithis i gcomparáid le buiséid oibriúcháin agus chaipitil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Teagasc, feidhm a oibríonn de réir na riachtanas atá sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit agus de réir na gcritéar éifeachtachta atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise Teagasc a foilsíodh in 2008. Tugann anailís ar na rioscaí atá os comhair Teagasc bunbhrí d'obair na hiniúchóireachta inmheánaí agus bunaítear pleananna bliantúla le haghaidh iniúchta inmheánaigh ar an anailís seo. Faomhann an Coiste Iniúchóireachta na pleananna iniúchóireachta inmheánaí. In 2010, d'fhostaigh an tÚdarás saineolaí seachtrach chun comhairle a chur ar an gCoiste Iniúchóireachta.

Tugann obair an iniúchóra inmheánaigh, an Coiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an iniúchóra inmheánaigh; na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Theagasc atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil; agus barúlacha a thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta, bunbhrí do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Dearbhaím go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais in 2010.

**An Dr. Noel Cawley**
**Cathaoirleach**
**24 Meitheamh 2011**

# RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN ÚDARÁIS

Faoi Alt 12(1) den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, éilítear ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a fhéadfaidh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a fhaomhadh le comhthoiliú an Aire Airgeadais. In ullmhú na ráiteas airgeadais sin, tá sé de dhíth ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta fheiliúnacha a roghnú agus na beartais sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura bhfuil sé feiliúnach glacadh leis go leanfaidh Teagasc i mbun oibre;• aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais Teagasc agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na riachtanais reachtúla. Coinnítear na leabhair chuntais i gceanncheathrú an Údaráis i bPáirc na Darach, Ceatharlach. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní Teagasc a chosaint agus an méid is gá a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

An Dr. Noel Cawley
Cathaoirleach
24 Meitheamh 2011

James Brett
Comhalta den Údarás

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Is iad seo a leanas na beartais chuntasaíochta shuntasacha a bhfuil glactha ag Teagasc leo:

**Bunús na cuntasaíochta**
Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil, faoi réir sócmhainní áirithe a bheith curtha san áireamh tráth na luachála (féach thíos), agus i bhfoirm faofa ag an Aire Talmhaíochta faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais ag baint úsáide as modh fabhraithe cuntasaíochta ach amháin mar atá luaite thíos agus de réir na gcleachtas cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta, de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

**Maoiniú stáit**
Áirítear maoiniú stáit do thaighde san earnáil Bia, don chomhchlár taighde Stimulus agus don Chlár Dobharcheantar Talmhaíochta ar bhonn fabhraithe. Áirítear an maoiniú Stáit eile ar fad ar bhonn na bhfáltas airgid.

**Taighde agus tionscadail eile**
Áirítear deontais maidir le taighde agus tionscadail eile mar ioncam sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas gaolmhar.

**Dímheas agus sócmhainní seasta inláimhsithe**
Tógadh sócmhainní ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais ar an 8 Meán Fómhair 1988 ag na luachanna deiridh a bhí i gCláir Chomhardaithe na gcomhlachtaí sin. Luaitear breiseanna ag a gcostas.

Ní dhéantar dímheas ar thalamh. Díscríobhtar costas nó luacháil shócmhainní seasta eile atá faoi úinéireacht trí thráthchodanna cothroma thar an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Feirme | 20 bliana |
| Foirgnimh Eile | 50 bliana |
| Gléasra agus Feithiclí | 5 bliana |
| Trealamh Ríomhaireachta | 3 bliana |
| Trealamh Saotharlainne agus Oifige | 10 bliana |

Dímheastar sócmhainní a choinnítear faoi léasanna airgeadais thar théarma an léasa, má tá sé seo níos giorra ná an saol úsáideach a mheastar a bheidh acu.

Gearrtar dímheas leathbhliana sna blianta a fuarthas agus a diúscraíodh na sócmhainní.

**Léasanna**
Déileáiltear le sócmhainní seasta a fhaightear faoi léasanna airgeadais de réir an bheartais thuasluaite faoi shócmhainní seasta. Cuimsítear gné chaipitiúil na n-oibleagáidí cíosa gaolmhara faoi dhliteanais, agus gearrtar an ghné úis ar chaiteachas thar théarma na buntréimhse léasa.

Gearrtar cíosanna ar léasanna oibriúcháin faoi chaiteachas de réir mar a thabhaítear iad.

**Cuntas Caipitil**
Is ionann an t-iarmhéid ar an gcuntas seo agus luach neamh-amúchta na gcistí a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach.

**Stoic**
Tá luacháil déanta ag oifigigh Teagasc ar stoic. Déantar beostoc agus táirgí feirme a luacháil ag glanluach measta inréadaithe. Cinntear glanluach inréadaithe ar an mbonn go ndíoltar ainmhithe ar an margadh oscailte. Tugtar léargas iomlán san ioncam oibriúcháin ar na gnóthachain agus ar na caillteanais a eascraíonn as na luachálacha seo. Déantar na stoic eile ar fad a luacháil ag an gcostas níos ísle agus ag glanluach inréadaithe.

**Féichiúnaithe**
Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta a luaithe a thagann siad chun cinn agus déantar soláthar ar leith má mheastar aisghabháil a bheith amhrasach.

# BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

**Pinsin**

Tá scéimeanna pinsean sochair shainithe ag Teagasc a fhaigheann maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir ó airgead a chuirtear ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ar fáil, agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail bhaill foirne.

Tomhaistear dliteanais Scéime Phinsean ar bhonn achtúireach ag úsáid modh an aonaid réamh-mheasta.

Tugann na costais phinsean léargas ar na sochair phinsean a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad saor ó ranníocaíochtaí pinsean foirne a choinníonn Teagasc. Aithnítear aon mhéid arb ionann é agus an muirear pinsean mar ioncam, sa mhéid is go bhfuil sé inghnóthaithe, agus fritháirithe ag deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a scaoileadh.

Aithnítear na gnóthachain nó caillteanais achtúireacha ag eascairt as athruithe ar thoimhdí Achtúireachta agus as farasbairr agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána don bhliain agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

Léiríonn dliteanais phinsean luach láithreach d'íocaíochtaí pinsean na todhchaí gnóthaithe ag an bhfoireann go dtí seo. Is ionann maoiniú pinsean iarchurtha agus an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil amach anseo ón Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

**Moorepark Technology Limited [Teicneolaíocht Pháirc Uí Mhórdha Teoranta]**

Is comhfhiontar é Moorepark Technology Limited idir Teagasc agus chomharchumainn éagsúla talmhaíochta. Tá sealúchas 57% ag Teagasc i scairchaipiteal íoctha na cuideachta. Ullmhaíodh ráitis airgeadais iniúchta ar leithligh maidir le Moorepark Technology Limited. Measadh nár chuí torthaí na cuideachta a chomhdhlúthú (Nóta 15).

**Airgeadra coigríche**

Aistrítear go Euro idirbhearta a shonraítear in airgeadraí eachtracha agus cuirtear sa chuntas iad de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Aistrítear go Euro sócmhainní agus dliteanais airgeadra a shonraítear in airgeadraí eachtracha de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe.

# CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS
An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 31 Nollaig 2010 €'000 | 31 Nollaig 2009 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Maoiniú stáit | 2 | 134,653 | 145,990 |
| Maoiniú AE | 3 | 1,553 | 1,755 |
| Ioncam oibriúcháin | 4 | 26,081 | 29,551 |
| Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin | 9 | 20,161 | 14,739 |
| Farasbarr ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 25 | 905 | 282 |
| Deontais, deonacháin agus tobhaigh dheonacha eile | | 2,248 | 3,249 |
| | | 185,601 | 195,566 |
| **Caiteachas** | 5 | 186,792 | 201,113 |
| | | (1,191) | (5,547) |
| Aistriú ó/ (chuig) an Cuntas Caipitil | 12 | 4,578 | (5,444) |
| **Farasbarr/(Easnamh) don bhliain airgeadais** | | 3,387 | (10,991) |
| **Iarmhéid ag tús na bliana** | | 7,979 | 18,970 |
| **Iarmhéid ag deireadh na bliana** | 13 | 11,366 | 7,979 |

## RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA

| | Notes | 31 December 2010 €'000 | 31 December 2009 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Farasbarr/(Easnamh) don bhliain airgeadais** | | 3,387 | (10,991) |
| Gnóthachain ó thaithí ar dhliteanais scéime pinsean | 9 | 71,517 | 22,535 |
| Athruithe ar thoimhdí atá mar bhonn le luach reatha na ndliteanas pinsean | 9 | (68,898) | 672 |
| Gnóthachan achtúireach ar dhliteanais phinsean | | 2,619 | 23,207 |
| Coigeartú ar mhaoiniú pinsean Iarchurtha | | (2,619) | (23,207) |
| **Farasbarr/(Caillteanas) Aitheanta Iomlán don bhliain** | | 3,387 | (10,991) |

Baineann na méideanna thuas ar fad le hoibriúcháin leantacha. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 28.

**An Dr. Noel Cawley**
**Cathaoirleach**

**An tOllamh Gerry Boyle**
**Stiúrthóir**

# CLÁR COMHARDAITHE

An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 31 Nollaig 2010 €'000 | 31 Nollaig 2009 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní seasta** | | | |
| Sócmhainní inláimhsithe | 14 | **95,204** | 99,782 |
| Sócmhainní airgeadais | 15 | **2** | 2 |
| | | **95,206** | 99,784 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 17 | **4,662** | 4,982 |
| Féichiúnaithe | 18 | **10,597** | 11,146 |
| Iarmhéideanna bainc | | **18,925** | 14,895 |
| Taiscí gearrthéarmacha | | **2,178** | 462 |
| | | **36,362** | 31,485 |
| **Creidiúnaithe –** Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin | | | |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | 19 | **15,072** | 13,429 |
| Ioncam iarchurtha | 20 | **9,926** | 10,079 |
| | | **24,998** | 23,508 |
| **Glansócmhainní reatha** | | **11,364** | 7,977 |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha roimh phinsin** | | **106,570** | 107,761 |
| Maoiniú pinsean iarchurtha | 9 | **880,648** | 863,106 |
| Dliteanais Phinsean | 9 | **(880,648)** | (863,106) |
| | | **0** | 0 |
| **Glansócmhainní** | | **106,570** | 107,761 |
| **Léirithe ag** | | | |
| Cuntas Caipitil | 12 | **95,204** | 99,782 |
| Cuntas Ioncaim agus Caiteachais | | **11,366** | 7,979 |
| | | **106,570** | 107,761 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 28..

**An Dr. Noel Cawley**
**Cathaoirleach**

**An tOllamh Gerry Boyle**
**Stiúrthóir**

# RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID
An bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010

| | Nótaí | 31 Nollaig 2010 €'000 | 31 Nollaig 2009 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Imréiteach an fharasbairr oibriúcháin le glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Farasbarr/(easnamh) oibriúcháin | | 3,387 | (10,991) |
| Dímheas | 14 | 7,298 | 7,311 |
| Aistriú (ó) / chuig an gcuntas caipitil | 12 | (4,578) | 5,444 |
| Ús faighte | | (471) | (829) |
| Brabús ar dhíolachán sócmhainní seasta | | (905) | (282) |
| Laghdú ar stoic | | 320 | 561 |
| Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe | | 549 | (1,709) |
| Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe agus ar dhliteanais fadtréimhseacha | | 1,643 | (206) |
| (Laghdú) ar ioncam iarchurtha | | (153) | (3,132) |
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 7,090 | (3,833) |

## RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID

| | Nótaí | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | 7,090 | (3,833) |
| **Toradh ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas** | | | |
| Ús faighte | | 471 | 829 |
| Glan-insreabhadh airgid ó thorthaí ar infheistíocht agus fónamh ar airgeadas | | 471 | 829 |
| **Gníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a ghnóthú | 14 | (2,875) | (12,778) |
| Fáltais ó dhiúscairtí sócmhainní seasta inláimhsithe | | 1,060 | 305 |
| Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta | | (1,815) | (12,473) |
| **Méadú/(laghdú) in airgead tirim** | 24 | 5,746 | (15,477) |
| **Imréiteach an glansreabhadh airgid le gluaiseacht i gcistí glana** | | | |
| Méadú/(laghdú) in airgead tirim | 24 | 5,746 | (15,477) |
| Cistí glana ag 1 Eanáir | | 15,357 | 30,834 |
| **Cistí glana ag 31 Nollaig** | | 21,103 | 15,357 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 28.

**An Dr. Noel Cawley**
**Cathaoirleach**

**An tOllamh Gerry Boyle**
**Stiúrthóir**

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1 **Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia)**

Bunaíodh Teagasc (an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia) faoin Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988. Faoi Alt 21 den Acht, aistríodh sócmhainní agus dliteanais de chuid na Comhairle Oiliúna Talmhaíochta agus An Foras Talúntais go Teagasc nuair a bunaíodh é.

Éilíonn Acht 12 den Acht go gcoinneofar Cuntais i bhfoirm a fhéadfaidh an tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a fhaomhadh le comhthoiliú an Aire Airgeadais. Tugadh an faomhadh seo ar an 14 Lúnasa 1998.

2 **Maoiniú stáit**

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Cuimsíonn an méid a thaispeántar faoin gceannteideal seo: | | |
| Vóta 31: Talmhaíocht, Iascach agus Bia | | |
| Deontas i gcabhair do chostais ghinearálta | **83,390** | 91,836 |
| Deontas i gcabhair d'aoisliúntas | **30,775** | 28,091 |
| Deontas d'acmhainní daonna | **12,000** | 12,000 |
| Taighde bia agus taighde talmhaíochta | **4,406** | 7,024 |
| Clár comhthaighde Stimulus | **2,829** | 3,869 |
| Scéim Taifeadta agus Pórúcháin um Leas Ainmhithe | **513** | 2,360 |
| Deontas le haghaidh poiblíocht agus feasacht agus oiliúint foraoiseachta | **740** | 810 |
| | **134,653** | 145,990 |

3 **Maoiniú an AE**

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Ioncam an tSuirbhé Feirme | **102** | 183 |
| Creatchlár VI | **953** | 851 |
| Creatchlár VII | **498** | 721 |
| | **1,553** | 1,755 |

Is iad na Creatchláir na príomhuirlisí airgeadais trína dtacaíonn an tAontas Eorpach le gníomhaíochtaí taighde agus forbartha, cláir a chuimsíonn na disciplíní eolaíocha go léir beagnach. Cuimsíonn Creatchláir tréimhse cúig bliana ina bhforluíonn an bhliain dheireanach de Chreatchlár amháin agus an chéad bhliain den Chreatchlár a leanann é a chéile. Lean Creatchlár VI ar aghaidh go deireadh 2006. Thosaigh Creatchlár VII ar an 1 Eanáir 2007 agus leanfar leis go dtí deireadh 2013.

Déanann Teagasc taighde arna mhaoiniú ag an AE tríd na Creatchláir. Cuirtear deontais maidir le taighde dá leithéid san áireamh mar ioncam nuair atá an caiteachas comhfhreagrach tabhaithe.

## 4 Ioncam oibriúcháin

| | Oibríochtaí €'000 | Traschur Feasachta €'000 | Taighde €'000 | **2010 €'000** | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Táillí seirbhísí comhairleacha | 0 | 11,371 | 0 | **11,371** | 15,472 |
| Táillí eile | 7 | 3,149 | 5,494 | **8,650** | 7,619 |
| Trádáil beostoic (Nóta 7) | 0 | 740 | 1,270 | **2,010** | 2,051 |
| Oibriúcháin feirmeoireachta eile | 0 | 717 | 1,719 | **2,436** | 1,899 |
| Fáltais cheaintín | 0 | 111 | 108 | **219** | 286 |
| Foilseacháin agus ilghnéitheach | 508 | 384 | 503 | **1,395** | 2,224 |
| | 515 | 16,472 | 9,094 | **26,081** | 29,551 |

## 5 Caiteachas

| | Oibríochtaí €'000 | Traschur Feasachta €'000 | Taighde €'000 | **2010 €'000** | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Tuarastail (Nóta 8) | 4,646 | 46,748 | 28,315 | **79,709** | 94,570 |
| Pinsin (Nóta 9) | 60,549 | 0 | 0 | **60,549** | 57,909 |
| Taisteal agus cothabháil* | 224 | 2,661 | 955 | **3,840** | 4,255 |
| Oiliúint Foirne | 268 | 38 | 101 | **407** | 518 |
| Costais ghinearálta oibriúcháin (Nóta 6) | 4,296 | 9,195 | 13,237 | **26,728** | 26,903 |
| Ús agus muirir léasa | 27 | 0 | 0 | **27** | 26 |
| Dímheas (Nóta 14) | 362 | 1,586 | 5,350 | **7,298** | 7,311 |
| Deontais do choláistí príobháideacha (Nóta 16) | 0 | 3,539 | 0 | **3,539** | 4,376 |
| Deontais eile | 60 | 910 | 3,725 | **4,695** | 5,245 |
| | 70,432 | 64,677 | 51,683 | **186,792** | 201,113 |

*Taisteal agus Cothabháil

| | Domestic €'000 | Foreign €'000 | **2010 €'000** | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| Cothabháil | 994 | 205 | 1,199 | 1,185 |
| Mótar & Taisteal | 2,378 | 65 | 2,443 | 2,890 |
| Aerlíne & Báid Farantóireachta | 0 | 198 | 198 | 180 |
| | 3,372 | 468 | **3,840** | 4,255 |

## 6 Anailís ar chaiteachais oibriúcháin ghinearálta

| | Oibríochtaí €'000 | Traschur Feasachta €'000 | Taighde €'000 | **2010 €'000** | 2009 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Soláthairtí / seirbhísí feirmeoireachta | 46 | 1,193 | 2,098 | **3,337** | 2,592 |
| Cothabháil / deisiúcháin | 735 | 1,773 | 2,639 | **5,147** | 4,698 |
| Cíosanna / rátaí / árachais | 47 | 947 | 1,386 | **2,380** | 2,597 |
| Postas / teileafóin | 606 | 1,296 | 268 | **2,170** | 2,345 |
| Cumhacht / breosla / peitreal | 131 | 857 | 1,297 | **2,285** | 2,309 |
| Soláthairtí saotharlainne | 87 | 230 | 3,352 | **3,669** | 2,232 |
| Priontáil / stáiseanóireacht / poiblíocht | 911 | 662 | 167 | **1,740** | 2,155 |
| Soláthairtí seimineáir / seomra ranga / leabharlainne | 7 | 379 | 483 | **869** | 926 |
| Seirbhísí ghníomhaireachtaí seachtracha | 0 | 639 | 204 | **843** | 999 |
| Soláthairtí do cheaintín na mac léinn agus na foirne | 69 | 413 | 231 | **713** | 655 |
| Soláthairtí / seirbhísí TFC | 1,173 | 145 | 58 | **1,376** | 1,994 |
| Táillí dlí / gairmiúla (Nóta 10) | 475 | 343 | 414 | **1,232** | 1,353 |
| Costais ilghnéitheacha na gclár | 0 | 267 | 570 | **837** | 1,361 |
| Imeachtaí speisialta agus ilghnéitheach | 9 | 51 | 70 | **130** | 687 |
| | 4,296 | 9,195 | 13,237 | **26,728** | 26,903 |

## 7 Farasbarr trádála beostoic

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Díolacháin | **2,322** | 2,470 |
| Deontais agus fóirdheontais | **597** | 732 |
| Ioncam iomlán ó thrádáil beostoic | **2,919** | 3,202 |
| Stoc tosaigh | **4,260** | 4,701 |
| Ceannacháin | **559** | 710 |
| | **4,819** | 5,411 |
| Lúide: Stoc deiridh | **(3,910)** | (4,260) |
| Costas iomlán na ndíolachán beostoic | **909** | 1,151 |
| Farasbarr ar an gcuntas Ioncaim agus Caiteachais (Nóta 4) | **2,010** | 2,051 |

## 8 Foireann

| | 2010 | 2009 |
|---|---|---|
| Seo a leanas an meánlíon foirne a fostaíodh i rith na bliana: | | |
| Gairmiúil | **655** | 806 |
| Teicniúil | **172** | 194 |
| Riarachán/cléireachas | **261** | 276 |
| Feirm/teaghlaigh | **248** | 270 |
| | **1,336** | 1,546 |

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Seo a leanas luach saothair an Stiúrthóra: | | |
| Bunphá | **151** | 155 |
| Sochar comhchineáil (Gluaisteán | **12** | 18 |
| | **163** | 173 |

Ní sháraíonn teidlíochtaí pinsean an Stiúrthóra múnla na hearnála poiblí i ndáil leis an scéim aoisliúntais sochair shainithe.

Asbhaineadh tobhach pinsean €5,183,653 as tuarastail agus íocadh an tsuim sin leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

## 9 Aoisliúntas

Déanann Alt 9 den Acht Talmhaíochta (Taighde, Oiliúint agus Comhairle), 1988, foráil do bhunú scéimeanna d'fhonn sochair aoisliúntais a bhaineann le baill foirne atá ceaptha ag Teagasc agus baill foirne aistrithe go Teagasc ón gComhairle Oiliúna Talmhaíochta agus ón bhForas Talúntais a dheonú.

Go dtí go mbeidh na dréachtscéimeanna aoisliúntais faofa ag an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, is ar bhonn riaracháin a bheidh na scéimeanna aoisliúntais á reáchtáil ag an Aire Airgeadais agus ag an Oireachtas.
Chomh maith leis sin, tá Teagasc i mbun dhá scéim aoisliúntais a riar (Scéim Aoisliúntais Bhaill Foirne na gColáistí Talmhaíochta 1985 agus Scéim Phinsean Ranníocaíochta Chéilí agus Leanaí na gColáistí Talmhaíochta 1985) maidir le baill foirne áirithe a bhí fostaithe ag Coláistí Talmhaíochta agus Gairneoireachta faoi úinéireacht phríobháideach, arb é an Státchiste atá freagrach as costas a dtuarastal tríd an ngníomhaireacht Teagasc..

Is scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe iad na scéimeanna thuasluaite. Ní choimeádtar aon chiste ná sócmhainní ar leithligh, chun íocaíocht pinsean agus aiscí a mhaoiniú. Taispeántar sa Chlár Comhardaithe meastachán achtúireach na ndliteanas todhchaíoch atá ag fabhrú maidir le sochair thodhchaíocha.

Bhí meánlíon na bpinsean míosúil a íocadh i rith na bliana cothrom le 1,564 (2009 – 1,482).

**Costais Aoisliúntais**

**(i) Anailís ar chostais iomlána na bpinsean a gearradh ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais**

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 14,251 | 14,062 |
| Ús ar dhliteanais scéime | 50,450 | 48,825 |
| Ranníocaíochtaí foirne | (4,152) | (4,978) |
| | 60,549 | 57,909 |

**(ii) Gluaiseacht i nglandliteanas pinsean i rith na bliana airgeadais**

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Glandliteanas pinsean ar an 1 Eanáir | 863,106 | 871,574 |
| Costas seirbhíse reatha | 14,251 | 14,062 |
| Sochair íoctha | (44,540) | (48,148) |
| Ús ar dhliteanais scéime | 50,450 | 48,825 |
| (Gnóthachan)/Caillteanas achtúireach | (2,619) | (23,207) |
| Glandliteanas pinsean ar an 31 Nollaig | 880,648 | 863,106 |

**(iii) Sócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh pinsean**

Aithníonn Teagasc mar shócmhainn méid atá ag comhfhreagairt don dliteanas neamh-mhaoinithe iarchurtha do phinsin ar bhonn shraith na dtoimhdí a ndearnadh cur síos orthu thuas agus roinnt teagmhas a tharla san am atá caite. Cuimsíonn na teagmhais seo an bonn reachtúil do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí na bhfostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Ainneoin nach bhfuil aon chomhaontú foirmiúil ann i dtaobh na méideanna sonracha seo leis an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, níl fianaise ar bith ag Teagasc nach leanfaidh an beartas maoinith

| Glanmhaoiniú iarchurtha do phinsin sa bhliain | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le pinsin na bliana reatha | 64,701 | 62,887 |
| Acmhainní curtha i bhfeidhm chun pinsin a íoc | (44,540) | (48,148) |
| | 20,161 | 14,739 |

Bhí an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin cothrom le €881 milliún (2009 - €863 milliún) ar an 31 Nollaig 2010.

| **(iv) Stair na ndualgas sochair shainithe** | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 | 2008<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | 71,517 | 22,535 | (5,155) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | 8.1% | 2.6% | 0.6% |
| Athruithe ar fhoshuímh | (68,898) | 672 | (8,539) |
| Céatadán de luach reatha na ndliteanas scéime | 7.8% | 0.001% | 0.98% |
| Gnóthachan / (caillteanas) aitheanta sa STRGL | 2,619 | 23,207 | (13,694) |

Tá an gnóthachan achtúireach carnach aitheanta sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána cothrom le €153.127m.

**(v) Cur síos ginearálta ar an scéim**

Is ionann an scéim pinsean agus socrú pinsean sochair shainithe um thuarastal deiridh le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainmhíniú le tagairt do rialacháin scéime reatha ''samhlacha'' na hearnála poiblí. Cuirtear pinsean (an t-ochtódú cuid in aghaidh na bliana seirbhíse), cnapshuim aisce (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus do leanaí ar fáil faoin scéim. Is í 65 bliain d'aois an aois scoir do chomhaltaí go hiondúil agus tá chomhaltaí atá páirteach sa scéim ó roimh an bhliain 2004 i dteideal dul ar scor gan laghdú achtúireach ó 60 bliain d'aois ar aghaidh. Méadaíonn íocaíochtaí (agus iarchur) pinsean de ghnáth de réir mar a tharlaíonn boilsciú ginearálta ar thuarastail san earnáil phoiblí.

Bunaíodh an luacháil a úsáideadh do nochtaí FRS17 ar luacháil achtúireach a rinne achtúire cáilithe neamhspleách ar an 27 Eanáir 2011 chun riachtanais FRS17 (athbhreithnithe) a chur san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas ar an 31 Nollaig 2010.

Is iad seo a leanas na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáideadh chun dliteanais a ríomh faoi FRS17:

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **% in aghaidh na bliana** | % in aghaidh na bliana |
| Méadú ar an ráta boilscithe | **2.00** | 2.00 |
| Méadú ar an ráta tuarastail | **3.50** | 3.50 |
| Méadú ar an ráta pinsean | **3.50** | 3.50 |
| Ráta lascaine na ndliteanas scéime | **5.30** | 5.90 |

Tógann an bunús mortlaíochta a úsáidtear feabhsuithe ar ionchas saoil thar mhéid áirithe ama san áireamh, ionas go mbraithfidh ionchas saoil ag aois scor ar an mbliain a shroicheann comhalta an aois scoir (aois 65). Tá léargas le fáil sa tábla thíos ar ionchas saoil na gcomhaltaí sin a mbeidh 65 bliain d'aois slánaithe acu in 2010 agus in 2035

| Bliain a shroichtear 65 bliain d'aois | 2010 | 2035 |
|---|---|---|
| Ionchas saoil - fireann | 87.6 | 89.9 |
| Ionchas saoil - baineann | 89.3 | 91.8 |

Bunaithe orthu seo agus ar thoimhdí eile agus ag trí mhodh réamh-mheasta an aonaid forordaithe in FRS17 a úsáid, is ionann luach reatha na ndliteanas scéime pinsean agus na suimeanna seo a leanas:

| | **2010** | 2009 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Dliteanais charntha maidir le comhaltaí gníomhacha na scéime | **454,737** | 394,655 |
| Dliteanais maidir le pinsinéirí reatha agus pinsin iarchurtha | **425,911** | 468,451 |
| Dliteanas pinsean iomlán fabhraithe | **880,648** | 863,106 |

**10 Táille iniúchóireachta**

Áiríodh soláthar de €47,470 i gcaiteachas maidir le luach saothair an iniúchóra do 2010 (2009- €47,470)

### 11 Táillí agus luach saothair chomhaltaí an Údaráis

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Cawley, an Dr. Noel, Cathaoirleach | 21 | 22 |
| Brett, an tUas. James | 12 | 13 |
| Christie, Marie Uasal | 12 | 4 |
| Deane, an tUas. Derek | 0 | 13 |
| Fitzgerald, an tUas. Joe | 12 | 13 |
| Flynn, an tUas. Stephen | 0 | 7 |
| Fottrell, an Dr. Patrick | 12 | 13 |
| Gibbons, an tUas. Padraig | 12 | 13 |
| Heraghty, an tUas. Martin | 0 | 0 |
| O'Mahony, an tUas. Frank | 12 | 13 |
| Sweeney, Margaret Uasal | 12 | 13 |
| Collins, Mr. Tom | 11 | 0 |
| Downey, Mr. Eddie | 12 | 0 |
| | 128 | 124 |
| Áirítear na méideanna seo sa chaiteachas iomlán pá i Nóta 5 | | |
| Costais iomlána íoctha le baill an Údaráis | 29 | 28 |

### 12 Cuntas caipitil

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ar an 1 Eanáir | **99,782** | 94,338 |
| Aistrithe ón gcuntas ioncaim agus caiteachais | | |
| Méid caipitlithe maidir leis na sócmhainní ceannaithe | **2,875** | 12,778 |
| Glanmhéid a scaoileadh ar dhiúscairtí | **(155)** | (23) |
| Aisíocaíochtaí ar iasacht mhaoine | **0** | 0 |
| | **2,720** | 12,755 |
| Lúide: Amúchtha faoi réir dímheasa sócmhainne | **(7,298)** | (7,311) |
| | **(4,578)** | 5,444 |
| Iarmhéid ar an 31 Nollaig | **95,204** | 99,782 |

### 13 Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Cuimsíonn farasbarr carntha an Údaráis brabúis tógtha chuig an gcuntas ioncaim a bhaineann le díolacháin talún a úsáideadh agus a úsáidfear chun críocha infheistíochta caipitil. Caithfear cead an Aire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia agus an Aire Airgeadais a fháil i gcás gach idirbheart díolacháin má tá Teagasc chun na fáltais a choimeád ar mhaithe leo a infheistiú i gclár Teagasc.

| | Infheistithe 31 Nollaig 2010 €'000 | Buiséad le Comhlánú €'000 | Buiséad don Tionscadal €'000 |
|---|---|---|---|
| D'éirigh le Teagasc cead a fháil infheistíocht a dhéanamh sna tionscadail seo a leanas atá sceidealta nó ar bun cheana féin: | | | |
| Saotharlanna Bia Feidhmithe, Páirc Uí Mhórdha | 4,974 | 526 | 5,500 |
| Áiseanna Mac Léinn agus Oideachais, Coláiste Chill an Dátúnaigh | 3,999 | 131 | 4,130 |
| Saotharlanna Nútraiceodacha, Baile an Ásaigh | 3,500 | 0 | 3,500 |
| Saotharlanna Bithbhreosla, Páirc na Darach | 962 | 38 | 1,000 |
| Táillí / Feirm teicneolaíochta | 36 | 134 | 170 |
| Uasghrádú ar Chóiríocht Oifige an Gheilleagair Tuaithe, Béal Átha an Rí | 1,646 | 54 | 1,700 |
| Áiseanna Taighde Caorach, Baile Átha an Rí | 2 | 1,398 | 1,400 |
| Áiseanna Mac Léinn, Garraithe na Lus | 0 | 2,500 | 2,500 |
| Ionad Bitheolaíochta Ainmhí, An Ghráinseach, Co. na Mí | 1,194 | 3,406 | 4,600 |
| Tardhroichead Iarnróid, Béal Átha an Rí | 0 | 648 | 648 |
| | 16,313 | 8,835 | 25,148 |
| Níl cead faighte fós na tionscadail seo a leanas a thabhairt chun críche: | | | |
| Áis Bith-thástála Bia, Páirc Uí Mhórdha | 220 | 780 | 1,000 |
| Rinne Teagasc iarratas ar ach ní bhfuair sé cead fós na fáltais ó 7 ndíolachán a tugadh (Note 25) chun críche in 2009/2010 a choimeád1209 | 0 | 1,209 | (Nóta 25) |
| | 16,533 | 10,824 | 27,357 |

## 14 Sócmhainní seasta inláimhsithe

| | Talamh €'000 | Foirgnimh €'000 | Gléasra & trealamh €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | |
| Ag tús na bliana | 5,810 | 108,587 | 63,925 | 178,322 |
| Breiseanna | 0 | 619 | 2,256 | 2,875 |
| Diúscairtí | 0 | (32) | (1,038) | (1,070) |
| Ag deireadh na bliana | 5,810 | 109,174 | 65,143 | 180,127 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Ag tús na bliana | 0 | 35,043 | 43,497 | 78,540 |
| Táille don bhliain | 0 | 2,859 | 4,439 | 7,298 |
| Diúscairtí | 0 | (7) | (908) | (915) |
| Ag deireadh na bliana | 0 | 37,895 | 47,028 | 84,923 |
| **Glanmhéideanna leabhair** | | | | |
| Ag tús na bliana | **5,810** | **73,544** | **20,428** | **99,782** |
| Ag deireadh na bliana | **5,810** | **71,279** | **18,115** | **95,204** |

San áireamh sna hiarmhéideanna tosaigh tá 522.8 heicteár talún in iomlán (1,291.3 acra) a d'aistrigh an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia ag luachanna ainmniúla, agus sócmhainní áirithe eile a athluacháladh ar an 31 Nollaig 1975 nó 1 Iúil 1980.

Tá cead ag Teagasc úsáid a bhaint as 38.0 ha (94 acra) atá faoi úinéireacht na Roinne Talmhaíochta & Bia, agus tá cead ag an Roinn úsáid a bhaint as 27.1 ha (67 acra) atá faoi úinéireacht Teagasc. Níl muirear ar bith ar cheachtar páirtí de thoradh na socruithe seo.

Tá sócmhainní seasta áirithe atá curtha ar iontaoibh Teagasc cosanta ag reacht, agus níl cead na sócmhainní sin a dhíol.

## 15 Sócmhainní airgeadais

Tá sealúchas 57% ag Teagasc i scairchaipiteal íoctha Moorepark Technology Limited (5,100 scair ag €0.127). Is comhfhiontar í an Chuideachta, a ionchorpraíodh ar an 18 Eanáir 1991, idir Teagasc agus chomharchumainn éagsúla talmhaíochta.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais iniúchóireachta ar leithligh maidir leis an gCuideachta agus ba iad seo a leanas a cuid torthaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2010:

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Láimhdeachas | **1,310** | 1,211 |
| Brabús oibriúcháin roimh dhímheas, ús agus cáin | **356** | 251 |
| Dímheas (gan deontais amúchta san áireamh | **(261)** | (249) |
| Fáltais úis | **1** | 0 |
| Cáin | **0** | 0 |
| Brabús i ndiaidh cánachais | **96** | 2 |
| Brabúis charntha go dtí 31 Nollaig | **131** | 35 |

Foráiltear i Meabhrán Comhlachais na Cuideachta go bhfuil páirtithe leasmhara i dteideal leas a bhaint as seirbhísí na Cuideachta ag rátaí fabhracha.

Ba iad seo a leanas na hidirbhearta trádála idir Teagasc agus Moorepark Technology Limited (ina gcuimsítear comhairleoireacht, anailísí agus úsáid áiseanna teicniúla agus áiseanna eile):

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Díolacháin Moorepark Technology Limited do Theagasc (áirithe sa láimhdeachas) | **319** | 267 |
| Forchúitimh eile ó Theagasc (asbhainte ó chostas díolachán) | **157** | 168 |
| Iomlán | **476** | 435 |
| Méideanna dlite do Moorepark Technology Limited ar an 31 Nollaig | **97** | 40 |
| Díolacháin Teagasc do Moorepark Technology Limited | **53** | 47 |
| Méideanna dlite do Theagasc ar an 31 Nollaig | **18** | 31 |

Faoi théarmaí Chomhaontú Thionscnóirí Moorepark Technology Limited, gheall Teagasc riachtanais shonraithe foirne a chur ar fáil do Moorepark Technology Limited as a chuid acmhainní féin, chomh maith le forchostais na Cuideachta a bhaineann le fóntas, stórais, cuntais agus eisilteach a fhrithghealladh. Seo a leanas na costais a bhí i gceist:

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Foireann | 83 | 176 |
| Eile | 65 | 67 |

Áirítear na suimeanna seo i gcaiteachas Theagasc faoi Thaighde Bia (Nótaí 5 agus 6).

Úsáideann Moorepark Technology Limited sócmhainní atá faoi úinéireacht Teagasc, mar seo a leanas:

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Bunchostais | 1,196 | 1,196 |
| Glanluach Leabhair ar an 31 Nollaig | 19 | 34 |

Áirítear na méideanna seo faoi Ghléasra agus trealamh (féach Nóta 14 thuas).

De réir Chomhaontú na dTionscnóirí, léasaigh Teagasc a halla próiseála reatha ag Ionad Táirgí Déiríochta Pháirc Uí Mhórdha le Moorepark Technology Limited freisin ar chíos ainmniúil de ?127 in aghaidh na bliana, mar aon le suíomh taobh leis a bhfuil áiseanna breise tógtha ag an gCuideachta air.

Measadh nár chuí torthaí na Cuideachta a chomhdhlúthú.

Tá trí infheistíocht bheag ag Teagasc i gcomharchumainn talmhaíochta ar chostas €1,243 in iomlán (2009 - €1,243)

## 16 Coláistí Príobháideacha

Tacaíonn Teagasc le trí choláiste talmhaíochta príobháideacha mar seo a leanas:

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Deontais do choláistí príobháideacha | 3,539 | 4,376 |
| Baill foirne ar iasacht le coláistí príobháideacha (áirithe sa chaiteachas pá iomlán i Nóta 5 thuas) | 285 | 485 |
| | 3,824 | 4,861 |

## 17 Stoic

| | 2010<br>€'000 | 2009<br>€'000 |
|---|---|---|
| Beostoc | 3,909 | 4,260 |
| Táirgí feirme, leasacháin agus stoic bheathaithe | 510 | 545 |
| Soláthairtí ginearálta | 243 | 177 |
| | 4,662 | 4,982 |

**18 Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí**

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | **4,938** | 5,242 |
| Féichiúnaithe eile, réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhraithe | **5,659** | 5,904 |
| | **10,597** | 11,146 |

Beidh na méideanna uile thuas dlite laistigh de bhliain amháin..

**19 Creidiúnaithe** - Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| Creidiúnaithe trádála | **1,881** | 2,529 |
| Cáin ioncaim asbhainte faoi ÍMAT | **1,238** | 1,613 |
| Árachas sóisialta pá-choibhneasa | **966** | 879 |
| Cáin bhreisluacha | **283** | 165 |
| Cáin Shiarchoinneálach | **96** | 94 |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe eile | **10,608** | 8,149 |
| | **15,072** | 13,429 |
| Creidiúnaithe do chánachas agus leas sóisialach áirithe anseo thuas | **2,583** | 2,751 |

**20 Ioncam iarchurtha**

Cuireann Teagasc taighde le maoiniú poiblí i gcrích de réir na gconarthaí atá aige le hInstitiúidí Stáit eile, an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia go príomha. Cuirtear deontais maidir le taighde dá leithéid san áireamh mar ioncam nuair atá an caiteachas comhfhreagrach tabhaithe faoi gach conradh.

Ar an 31 Nollaig, bhí foinse agus méid an ioncaim iarchurtha maidir le taighde agus tionscadail eile cothrom leis na suimeanna seo a leanas:

| | 2010 €'000 | 2009 €'000 |
|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia – airleacan do thionscadail FIRM | **1,317** | 1,870 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia – airleacan do thionscadail Stimulus | **1,745** | 2,054 |
| Fondúireacht Eolaíochta na hEorpa – Feachtas Sábháilteachta Bia | **282** | 331 |
| Suimeanna iarchurtha eile a bhaineann le taighde | **5,468** | 4,710 |
| Méideanna faighte roimh ré le haghaidh oibre a bhain le talamh i mBéal Átha an Rí a dhíol. | **1,114** | 1,114 |
| | **9,926** | 10,079 |

**21 Léasanna airgeadais**

Ar an 31 Nollaig 2010, ní raibh aon oibleagáidí ar Theagasc faoi léasanna airgeadais (2009 - Nialas).

Níor tabhaíodh aon mhuirir airgeadais i rith na bliana faoi léasanna airgeadais (2009 - Nialas).

### 22 Ceangaltais chaipitil

Bhí na ceangaltais chaipitil a bhí fós le híoc ag an 31 Nollaig 2010 cothrom le €3.44 milliún (2009 - €1.45 milliún).

### 23 Léasanna oibriúcháin

Ar an 31 Nollaig 2010, seo a leanas na ceangaltais bhliantúla a bhí ag Teagasc faoi léasanna oibriúcháin nárbh fhéidir a chealú:

| | Talamh agus foirgnimh | Gléasra agus innealra | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Léasanna atá ag dul in éag: | | | |
| Laistigh d'aon bhliain amháin | 21 | 35 | 56 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 222 | 21 | 243 |
| I ndiaidh cúig bliana | 71 | 0 | 71 |
| | 314 | 56 | 370 |

### 24 Anailís ar athruithe sna cistí glana i rith na bliana

| | 1 Eanáir 2010 | Sreafaí airgid | 31 Nollaig 2010 |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh | 14,895 | 4,030 | 18,925 |
| Rótharraingt bhainc | 0 | 0 | 0 |
| Taiscí gearrthréimhseacha | 462 | 1,716 | 2,178 |
| | 15,357 | 5,746 | 21,103 |

### 25 Diúscairt Sócmhainní Seasta

| | Proceeds/ Costs | Proceeds/ Costs |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Fáltais ó dhíol maoine * | | |
| Díolacháin mhaoine i rith na bliana | 1,079 | |
| Costais díolachán: | (51) | 1,028 |
| Fáltais ó dhíol sócmhainní eile | | 32 |
| | | 1,060 |
| Glanluach Leabhair na sócmhainní seasta eile diúscartha | | (155) |
| | | 905 |

Níor aistríodh aon fháltais ó díol sócmhainní chuig an Státchiste in 2010.
* Ag tús na bliana bhí an luach scríofa anuas den mhaoin díolta cothrom le nialas.

### 26 Áitribh Teagasc

Tá 78 oifig/ionad in iomlán ag Teagasc ar fud na tíre, a bhfuil 68 acu faoi úinéireacht Teagasc agus 10 gcinn eile faoi réir comhaontuithe gearrthréimhseacha cíosa a bhfuil costas iomlán bliantúil de ?199K luaite leo. Beidh na comhaontuithe cíosa seo ar fad imithe in éag laistigh de shé bliana. Tá ocht n-áitreabh as an 78 áitreabh dúnta, agus níl aon cheann acu faoi réir comhaontaithe cíosa atá gan íoc.

**27 Comhaltaí údaráis – nochtadh idirbheart**

Ghlac an tÚdarás le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte atá eisithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil le nochtadh leasa ag comhaltaí Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta seo. Ní raibh idirbhearta ar bith i rith na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis a raibh leas ag comhaltaí boird iontu.

**28 Faomhadh na ráiteas airgeadais**

D'fhaomh an tÚdarás na ráitis airgeadais ar an 2 Márta 2011.

Agriculture and Food Development Authority
www.teagasc.ie

Ceannoifig
Teagasc, Páirc na Darach, Ceatharlach
Teil: +353 59 917 0200; Facs: +353 59 918 2097
info@teagasc.ie. ww.teagasc.ie